

Ag Cothú Gaeloideachas den Scoth

Comhdháil Bhliantúil 2006

agus Comhdháil Oideachais



Gaelscoileanna 

www.gaelscoileanna.ie



GAELSCOILEANNA TEO. **Comhdháil Bhliantúil** 2009

Clár

Fáilte an Ardfheidhmeannaigh	2
Clár na Comhdhála	4
Dréacht-Mhiontuairiscí Chomhdháil Bhliantúil 2008	7
Tuairisc an Rúnaí 2009	10
Ráitis Airgeadais 2008	11
Ceiliúradh na scoileanna lán-Ghaeilge	24
Tuairisc na hEagraíochta 2009	26
Rialacha seasta & struchtúr na hEagraíochta	33
Ainmniúcháin na n-oifigeach	34
Ainmniúcháin na n-gnáthstíúrthóirí	36
Rúin Chomhdháil Bhliantúil GAELSCOILEANNA TEO. 2009	38
Scéalta ó na scoileanna áitiúla	40
Bord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. 2008-2009	43
Léarscáil na gaeilscolaíochta	45



A Chairde,

Is mór agam an deis a bheith agam i mbliana fáilte ó chroí a chur romhaibh chuig an gComhdháil Bhliantúil agus Oideachais seo i gcathair Chill Chainnigh. Fearaim fáilte roimh na Príomhoidí, Múinteoirí, Tuismitheoirí, Baill de Choistí na dTuismitheoirí, Baill de na Boird Bainistíochta, agus ionadaithe na nEagras Gaeilge agus Oideachais, agus roimh na daltaí chomh maith.

Tá an-áthas orainn sibh a bheith linn chun an ceiliúradh seo ar ardchaighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge a dhéanamh agus chun tabhairt faoi oiliúint ghairmiúil den scoth. Thar mo cheann féin agus thar ceann an Bhoird Stiúrtha agus na foirne, fáiltimid go mór roimh an deis seo a bheith i bhur measc ag plé na saincheisteanna móra, ag éisteacht le saineolas na scoileanna agus na n-áioanna agus ag cabhrú chun an dea-chleachtas idir scoileanna a chomhroinnt.

Tá mana na Comhdhála, Ag Cothú Gaeloideachas den Scoth, ábhartha agus seasann sé amach ar cúpla cúis. Sa tréimhse fiordhúshlánach reatha i stair na scoileanna agus na hearnála, bíonn dúshlán romhaibh go laethúil. In ainneoin sin, leanann an t-ardchaighdeán, an t-oideachas den scoth agus an tiomantas láidir i measc phobail na scoileanna lán-Ghaeilge chun a gcuid scoileanna a chosaint agus a chothú go leanúnach. Léiríonn an íomhá shimplí den dá chaisearbhan fás agus forbairt na scoileanna lán-Ghaeilge ag an dá leibhéal. Tosaíonn na scoileanna amach mar aonaid bheaga umhla agus iad ag fás go horgánach. De réir mar a fhásann siad, cothaíonn siad a chéile agus scaipeann siad síolta na Gaeilge sa phobal.

Is iomaí cúis cheiliúrtha atá againn in earnáil na gaelscolaíochta agus is mian liom an deis a thapú comhghairdeas a dhéanamh leis na scoileanna seo a leanas, go háirithe as éachtaí éagsúla le linn na bliana:-

- **Oscailt scoile nua:**
Gaelscoil an tSeanchaí, Machaire Fiolta, Co. Dhoire.
- **Cóiríocht nua:**
Gaelscoil Thomáis Dáibhís; Gaelscoil Cholmcille;
Gaelscoil an Bhradáin Feasa; Scoil na gCeithre Máistrí;
Gaelscoil Nás na Ríogh; Gaelscoil Átha í agus Gaelscoil Thaobh na Coille.
- **Ceiliúradh 10 mbliana:**
Gaelscoil Bhrian Bóroimhe; Gaelscoil Bhun Cranncha;
Gaelscoil Mhainistir na Corann; Gaelcholáiste na Sceilge, Bunscoil an Chaistil agus Gaelscoil Riabhach.
- **Ceiliúradh 20 bliain:**
Gaelscoil Aonach Urmhumhan; Gaelscoil Uileog de Búrca; Bunscoil an Iúir; Gaelscoil Faithleann; Gaelscoil Naomh Pádraig agus Gaelcholáiste Chiarraí.

- **Ceiliúradh 25 bliain:**
Gaelscoil Osraí; Gaelscoil Chluain Dolcáin; Gaelscoil Dhonnacha Rua; Gaelscoil de hÍde (Mainistir Fhearmaí); Gaelscoil Pheig Sayers; Gaelscoil Uí Riada (Baile an Easpaig); Gaelscoil Dara; Scoil Rois; Gaelscoil na Ríthe agus Gaelscoil Phort Láirge.
- **Ceiliúradh 30 bliain:**
Scoil Santain agus Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh.
- **Ceiliúradh 40 bliain:**
Scoil Neasáin agus Coláiste Eoin.
- **Aitheantas buan:**
Gaelscoil na Lochanna.
- **Príomhoidí Nua:**
Ruairí De Paor, Gaelscoil Phort Láirge agus Tomás Ó Donnagáin, Coláiste Cois Life.
- **Príomhoidí Gníomhacha nua:**
Mairéad Uí Adhmaill, Gaelscoil Pheig Sayers, Caitlín Moinbhíol, Gaelscoil Ó Doghair, Donnacha Ó Ceallacháin, Scoil Chaitríona agus Finín Máirtín, Coláiste Eoin.
- **Buaiteoir Scléip:**
Scoil phobail Mhic Dara, Carna.
- **An toradh is fearr sa Teastas Sóisearach:**
Deirdre Ní Riain i nGaelcholáiste Chill Dara.

Raidhse Grianghraf ar leathanach 24

Táim cinnte go bhfuil scoileanna eile ag ceiliúradh ócáidí, dea-thorthaí agus ardchaighdeán go laethúil agus cuirimid ár gcomhghairdeas in iúl daoibh chomh maith céanna.

Cuirim fáilte Uí Cheallaigh roimh na scoileanna lán-Ghaeilge atá lonnaithe sa cheantar máguaird, agus go háirithe coiste áitiúil Chomhdháil Bhliantúil 2009. Tá ionadaíocht de 2 scoil ar an gcoiste áitiúil. Is iontach an chabhair a bhí sa choiste, idir shiamsaíocht ó na scoileanna a chur ar fáil, cheoltóirí áitiúla a mholadh agus go leor comhairle ar cheisteanna áitiúla a sholáthar.

Fógraíodh ag an gcomhdháil anuraidh go raibh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar iarratas an Aire O'Keeffe, ag déanamh athbhreithnithe ar an bpróiseas aitheantais do na bunscoileanna nua ar fad sa tír. Táimid sa tréimhse eatramhach faoi láthair, tréimhse nach gceadófar aitheantas do scoil ar bith lasmuigh de cheantair spriocaitheanta fairs agus forbartha. Le bliain anuas táimid ag plé leis an Roinn Oideachais chun a chinntiú go mbeidh aitheantas tugtha do na sainriachtanais atá ag na scoileanna lán-Ghaeilge sna critéir nua. Gealltar go mbeidh na critéir nua ann go luath san Earrach agus chuireamar aighneacht láidir faoina mbráid ina thaobh. Tréimhse an-dian atá sa tréimhse



eatramhach seo do na 7 gcoiste bunaithe a raibh iarratas ar aitheantas sealadach istigh acu ach a fágadh sa dorchadas maidir le dul chun cinn na n-iarratas sin. Ghoill sé orainn go mór i mbliana nár éirigh le h-aon cheann díobh agus nár oscail scoil nua ar bith sna 26 contae. Aithnímid an deacracht ollmhór atá ann foighne agus muinín a choinneáil agus gabhaimid buíochas mór leis na coistí atá ag treabhadh leo go fóill in ainneoin na gconstaicí chun a chinntiú go mbeidh an ghaelscolaíocht ar fáil dá bpáistí.

Ábhar ceiliúrtha agus dóchais a bhí ann ó thuaidh áfach le hoscailt na scoile nua, Gaelscoil an tSeanchaí i Machaire Fíolta, Co. Dhoire. Cuirfimid fáilte ar leith rompu agus roimh a gcuid pobal uile agus guímid gach rath orthu don todhchaí.

Bliain an-dúshlánach a bhí ann agus muid ag plé le roinnt mhaith saincheisteanna oideachasúla leis an Aire agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Leanann an feachtas luath-thumoideachais agus leanfaimid orainn leis an stocaireacht go dtí go bhfuil ár n-éilimh sásaithe – sé sin aistarraingt chiorclán 0044/2007 agus feidhmiú láithreach mholtaí an CNCM i dtaobh clár taighde cuimsitheach ar theanga agus litearthacht sna Gaelscoileanna. Is mian liom an deis a thapú buíochas a ghabháil leis na hEagraíochtaí agus daoine a chabhraigh go mór linn an feachtas a bhrú chun cinn. Áirítear ina measc Forbairt Naíonraí Teoranta, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Foras Patrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta. Is iontach an cur chuige comhoibritheach traseagraíochtúil a bhí agus atá ann ar an gceist áirithe seo agus ar go leor saincheisteanna eile.

Is mór an phribhléid é go bhfuil an saineolaí ar cheisteanna teangeolaíochta agus feasachta teanga againn mar aoí speisialta na Comhdhála, an Dr. Muiris Ó Laoire ón Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Tá an-áthas orm go bhfuil sé sásta a shaineolas agus a thaithí a roinnt linn go fial fláithiúil ar cheisteanna teoiricúla agus praiticiúla faoi fheasacht teanga

sa scoil lán-Ghaeilge. Creidim go bhfuil an téama seo an-tráthúil sa chomhthéacs geilleagrach ina bhfuilimid agus an t-oideachas agus an Ghaeilge á luacháil i dtearmaí airgeadais agus sábháiltí. Tá sé riachtanach tuiscintí na bpáistí ar luach na Gaeilge a dhoimhniú agus le cúnamh Dé feicfimid na páistí céanna ag seasamh os comhair Chomhdháil GAELSCOILEANNA TEO. ag roinnt a gcuid saineolais ar na glúnta a thiocfaidh ina ndiaidh amach anseo.

Is cinnte go mbeidh bliain dhúshlánach romhainn mar eagraíocht, mar earnáil agus mar ghníomhairí ar son an ghaeloideachais in Éirinn. Leanfaidh GAELSCOILEANNA TEO. ag déanamh stocaireachta ar an Rialtas chun a chinntiú go ndéanfar an earnáil a láidriú trí sholáthar a chinntiú, caighdeán cóiríochta a fheabhsú, acmhainní cuí a bheith ar fáil agus oiliúint chuí ar shainriachtanais na hearnála do mhúinteoirí. Leanfar leis an dian-stocaireacht ar an Rialtas nach gcuirfear deireadh leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta gur acmhainn í nach féidir a comhshamhail a sholáthar. Bheadh deireadh le COGG tubaisteach amach is amach d'earnáil an ghaeloideachais.

Tá súil againn go gcuirfear neart ábhair macnaimh agus deiseanna gréasánaithe ar fáil daoibh tríd an Chomhdháil seo. Ba mhór againn aiseolas ar fháil ar an gcomhdháil agus moltaí do chlár na Comhdhála don bhliain seo chugainn, a bheidh ar siúl san óstán Tullamore Court, An Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. Is libhse an Chomhdháil agus fáiltimid i gcónaí roimh an deis í a dhéanamh chomh hábhartha agus spéisiúil agus is féidir linn.

Bainigí tairbhe as na himeachtaí agus taitneamh as bheith ar ais i gcomhlúadar a chéile do Chomhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2009.

Bláthnaid ní Ghréacháin
Ardfheidhmeannach
GAELSCOILEANNA TEO.



Comhdháil Bhliantúil

GAELSCOILEANNA TEO. 2009

20 SAMHAIN AOINE (MAIDIN)		
09.00 - 09.30	Clárú	
09.30 - 10.00	Oscailt agus Fáiltiú: Ó Uachtarán GAELSCOILEANNA TEO. agus ó Éamonn Murtagh, Leas-Phríomh Chigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.	Seomra Kilbride
	Seisiún 1 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna	
10.00 - 11.30	Léacht na Comhdhála Ag forbairt feasacht teanga sa seomra ranga sa scoil lán-Ghaeilge – moltaí praiticiúla, <i>Muiris Ó Laoire, Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.</i>	Seomra Kilbride
11.30 - 12.00	Tae/caife/seastáin	
	Seisiún 2 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna	
12.00 - 13.30	Ceardlanna 1. Iar-bhunscoileanna – Úsáid na teicneolaíochta don mhúinteoireacht sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, <i>Seán de Lap, múinteoir staire & Órla de Bhailís, múinteoir matamaitice/eolaíochta, Coláiste Íosagáin.</i>	Seomra Anner
12.00 - 13.30	2. Bunscoileanna – Anailís ar Ghaeilge labhartha na bpáistí sna hardranganna i ngaelscoileanna, <i>Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig.</i>	Seomra an Ghairdín
12.00 - 13.30	3. Bunscoileanna – Polasaí iontrála scoile, <i>Máirtín Ó Ríordáin, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna.</i>	Seomra na hAbhann
13.30 - 14.30	Lón	



20 SAMHAIN

AOINE (TRÁTHNÓNA)

Seisiún 3 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Ceardlanna

1. **Iar-bhunscoileanna** – An measúnú chun foghlama, *Máire Uí Chiaráin, An Tionscnamh um Pleanáil Forbartha Scoile.*

14.30 - 15.45

Seomra Anner

2. **Bunscoileanna** – Deacrachtaí foghlama sa ghaelscoil (disléicse), *Deirdre Nic Gabhann, Gaelscoil Riabhach.*

14.30 - 15.45

Seomra an Ghairdín

3. **Bunscoileanna** – An t-úrscéal sa ghaelscoil – iniúchadh ar an gcur chuige, *T. J. Ó Ceallaigh, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Bhunscoileanna.*

14.30 - 15.45

Seomra na hAbhann

Tae/caife/seastáin

15.45 - 16.15

Seisiún 4 – Grúpaí sainspéise

Ceardlanna

1. **Iar-bhunscoileanna agus Bunscoileanna** – ‘Ag Foscailt Doirse’, clár feasachta ar an nGaeilge & ar an gcultúr do thuismitheoirí, *An Dr. Réamaí Mathers.*
2. **Na hAonaid iar-bhunscoile** – Teachnt le chéile na Múinteoirí i bhFeighil.
3. **Bunscoileanna** – Séideán Sí
 - Séideán Sí do rang a 5, *Máire Uí Dhufaigh, Comhordaitheoir Séideán Sí.*
 - Réamheolas ar DVD dírithe ar thús na léitheoireachta, *Máire Ní Bhaoill, Coláiste Phádraig.*
4. **Bunscoileanna** – Seisiún eolais maidir le cóiríocht bhuan scoile a fháil – moltaí praiticiúla, *Sandra Ní Gharbháin, Gaelscoil Cholmcille.*

16.15 - 17.30

Seomra Anner

16.15 - 17.30

Seomra Kilbride

16.15 - 17.30

Seomra an Ghairdín

16.15 - 17.30

Seomra na hAbhann

Seoladh ‘Digital Creator’

Comhthionscadal idir IADT agus COGG a chabhraíonn le scoileanna meáin dhigiteacha a chruthú agus a chomhroinnt.

17.30 - 18.00

Fáiltiú an Óstáin

Fáiltiú na Comhdhála

agus seoladh an Pholasáí Uile-Oileánda ar an Tumoideachas.

19.30 - 20.15

Fáiltiú an Óstáin

Dinnéar na Comhdhála

‘Trí Lasadh’, Scoil Phobail Mhic Dara, buaiteoirí ‘grand prix’ **Scléip!** agus Céilí le Gerard Butler agus banna céilí Lough Ree.

20.15

Seomra na Ríthe

Ag Cothú Gaeloideachas den Scoth

Comhdháil Bhliantúil agus Comhdháil Oideachais 2009 • GAELSCOILEANNA TEO.



21 SAMHAIN

SATHARN

09.30 - 10.00

Clárú

Seisiún 1 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

Ceardlanna

10.00 - 11.15

Bunscoileanna – Úsáid na teicneolaíochta don mhúinteoireacht sa Ghaelscoil, *Niall Ó Tarráin, Gaelscoil Uí Fhiaich.*

Seomra Kilbride

10.00 - 11.15

Iar-bhunscoileanna – Spléachadh ar na háiseanna teagaisc atá ar fáil do mhúineadh trí mheán na Gaeilge sna h-iarbhunscoileanna, *Muireann Ní Mhóráin, An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.*

Seomra Anner

11.15 - 11.45

Tae/caife/seastáin

Cruinniú Cinn Bhliana GAELSCOILEANNA TEO.

Beidh ateangaireacht go Béarla ar fáil don Chruinniú Cinn Bhliana mar áis do thuismitheoirí/baill Bhoird Bainistíochta gan mórán Gaeilge acu.

Seomra Kilbride

11.45 - 12.00

Miontuairiscí CCB 2008 agus nithe astu
Tuirisc an Rúnaí 2009
Ráiteas airgeadais 2008
Tuirisc na hEagraíochta 2009 & tuairisc ar dhul chun cinn na rún 2008

12.00 - 13.30

Na toghcháin
Rúin na comhdhála 2009
Críoch oifigiúil

13.30

Lón

14.30 - 15.30

Cruinniú an Bhoird Stiúrtha nua



Dréacht-Mhiontuairiscí ón gCruinniú Cinn Bhliana 15 Samhain 2008

Tuairisc na hEagraíochta

Thug Bláthnaid ní Ghreacháin, Ardfeidhmeannach ar GAELSCOILEANNA TEO., Tuairisc na hEagraíochta. Chuir sí béim ar na nithe seo a leanas:

Rúin 2007

Is iad na rúin bunús an chláir oibre bhliantúil. Titeann an obair faoi bhunú, buanú agus forbairt scoilphobal mar atá leagtha síos sa phlean straitéiseach. Mhínigh sí go leanann roinnt de na ceisteanna agus na spriocanna ar aghaidh toisc nach bhfuil réiteach orthu go fóill.

Forbairt Eagraíochtúil

Tá an comhlacht Mazars ag déanamh athbhreithnithe ar an eagraíocht ar son Fhoras na Gaeilge. Tá Plean Straitéiseach GAELSCOILEANNA TEO. foilsithe agus á chur i gcrích.

Bhí cúpla athrú ar an bhfoireann i mbliana. D'éirigh Helmi Sáidléir as i rith na bliana agus ghabh Bláthnaid buíochas speisialta léi ar son na hoibre ar fad a chuir sí i gcrích thar na blianta leis an eagraíocht. Fostaíodh Darren Ó Ceallaigh mar rúnaí ar feadh tamaill agus tá Áine Ní Neachtáin ag feidhmiú sa phost sin anois. Tá Nóra Ní Loingsigh ar ais tar éis sos gairme bliana a ghlacadh. Ghabh Bláthnaid buíochas ó chroí leis an bhfoireann ar fad.

Gabhadh buíochas leis an mBord Stiúrtha (Uachtarán Mícheál Ó Broin go háirithe) as ucht a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe agus bhí focal buíochais d'Fhoras na Gaeilge as an mbunmhaoiniú. Mhínigh Bláthnaid go raibh níos mó maoinithe á lorg againn ó Fhoras na Gaeilge do 2009.

Bunú, Buanú agus Forbairt Scoilphobal

Tugadh le fios go raibh 139 bunscoil agus 38 iar-bhunscoil sa Phoblacht agus 170 bunscoil agus 42 iar-bhunscoil sa tír ina hiomlán. D'oscail 4 bhunscoil nua i mbliana agus gabhadh buíochas leis na coistí bunaithe. Cuireadh an plean do bhunú gaelscolaíochta i gcrích agus aistríodh bileoga eolais faoin ngaelscolaíocht go teangacha difriúla.

I gcás buanaithe scoile, cuireann an eagraíocht tacaíocht leanúnach ar fáil ar an bhfón agus traenáladh 20 duine mar oiliúinóirí ar na hoícheanta treanála do na Boird Bainistíochta. Bhí comhoibriú idir na comhpháirtithe oideachais, mar shampla ag cruinnithe na mbainisteoirí. Cuireadh scéim phíolótach i bhfeidhm do na haonaid agus tá súil ag an eagraíocht cur leis an scéim seo.

Rinne an eagraíocht ionadaíocht agus stocaireacht leanúnach faoi réimse leathan ábhar: Plean Rialtais 2028, an feachtas Cóiríocht Chóir, aitheantas do scoileanna nua, agus cosaint

an chórais luath-thumoideachais. Anuas air seo, dhréachtaigh an eagraíocht aighneacht faoi riachtanais speisialta.

I dtaobh forbairt scoilphobal, is léir go bhfuil breis acmhainní ag teastáil agus gur gá go gcuirfí uirlisí praiticiúla ar fáil do na scoileanna chun forbairt scoilphobal a éascú.

Na Dúshlán

An dúshlán is mó a bhí roimh an eagraíocht ná easpa foirne.

Buaicphointí

Bhí neart buaicphointí ann i mbliana, ina measc, áirítear ceithre ghaelscoil nua, foireann agus Bord Stiúrtha den scoth, fuinneamh na scoileanna, poiblíocht, an plean straitéiseach, an nuachtlitir leictreonach, Comhdháil Bhliantúil 2008 agus an polasaí uile-oileánda ar an tumoideachas atá ar fáil ar shuíomh GAELSCOILEANNA TEO. Meabhraíodh don slua go raibh aighneachtaí ag teastáil i dtaobh an pholasaithe seo.

Ghabh Damhnait Uí Ruairc buíochas le Bláthnaid as ucht a cuid oibre ar fad.

Miontuairiscí 2007

Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2007.

Molta: Seán Ó Nuanáin
Tacaithe: Seán de Paor

Cuntais na Bliana

Chuir Dealgan Ó Ciarubháin, cisteoir na hEagraíochta, in iúl don slua go raibh sé sásta ceisteanna faoi na cuntais a fhreagairt. Mhínigh se go raibh timpeall leath mhilliúin ar fáil ó Fhoras na Gaeilge in ainneoin go bhfuil tuilleadh ag teastáil uainn. Choinnigh siad súil ghéar ar chaiteachas na hEagraíochta i gcaitheamh na bliana agus cuireadh srian ar an méid a bhíomar in ann caitheamh ag an am. Socraíodh íocaíochtaí bainc a dhéanamh go leictreonach amach anseo.

Mhol sé an fhoireann as ucht an ullmhúcháin go léir don iarratas ar bhunmhaoiniú agus mhínigh sé go raibh seans ann go mbeadh laghdú sa mhaoiniú an bhliain seo chugainn.

Molta: Clodagh Ní Mhaolchiaráin
Tacaithe: Seán Mag Oireachtaigh

Is é Dáithí Ó Maolchoille a réitigh na cuntais iniúchta do 2007. Mhol an Bord Stiúrtha Dáithí a fhostú chun cuntais 2008 a iniúchadh. Thacaigh Damhnait Uí Ruairc leis an moladh sin agus glacadh leis d'aonghuth.



Na Rialacha Seasta

Díríodh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag baill chláraithe amháin.

Aitheasc an Uachtaráin

Dhearbhaigh an tUachtarán go raibh Comhdháil den scoth ann agus go raibh go leor aiseolas dearfach faighte cheana féin, go háirithe faoi léacht Colin Baker. Bhí deis ag an Uachtarán an bhuairt agus na dúshláin ata os comhair na hearnála a chur in iúl don Aire agus bhí sé an-dearfach go réachtálfai cruinniú leis faoin tumoideachas gan mhoill.

Buaicphointe eile dar leis an Uachtarán ná foilsiú an phlean straitéisigh. Ní rud críochnaithe atá ann, ach doiciméad beo ar féidir linn athrú.

Mhínigh se gurb iad na rúin a thug treoir dúinn don bhliain a bhí romhainn. An tosaíocht is mó atá ag an eagraíocht ná aitheantas scoileanna agus bheadh tacaíocht ó gach scoil riachtanach leis sin a chur i gcrích.

I gcás buanaithe scoileanna, thug an tUachtarán le fios go mbeadh cuairteanna ar na scoileanna mar bhunús don phróiseas seo. Luadh go raibh gá pobail na scoileanna a eagrú ar bhonn réigiúnda freisin. Rinne an tUachtarán tagairt do scoilphobal agus an gá a bhí ann plé a dhéanamh leis na heagrais eile.

Mar fhocal scoir, dúirt an tUachtarán go raibh níos mó fuinnimh agus díograise aige ná riamh tar éis comhdhála chomh spreagúil. Ghabh se buíochas leis an bhfoireann, leis an mBord Stiúrtha, leis na cainteoirí agus leis na cathaoirligh uile.

Na Rúin

Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

RÚN 9

Mhol Mícheál Ó Broin an rún seo a leasú agus thacaigh Máirín Ní Chéileachair leis an leasú mar seo a leanas:

Cáineann an Chomhdháil seo cinneadh an Aire Oideachais agus Eolaíochta gan aitheantas a thabhairt do scoileanna nua taobh amuigh de cheantair aitheanta i mbéal forbartha go mbeidh tuairisc ó Ghrúpa Oibre Teicniúil faoin gCoimisiún um Chóiríocht Scoileanna ar fáil agus éilimid:

- go dtabharfaí sonraí don eagraíocht láithreach ar na ceantair atá sainaitheanta ag an ROE mar cheantar i mbéal forbartha,
- go leanfaí leis an status quo i dtaobh aitheantas sealadach a bhronnadh ar scoileanna do na coistí bunaithe ar fad atá ag obair i dtreo oscailt gaelscoile i 2009 agus a bhfuil céimeanna oifigiúla glactha acu mar chuid den phróiseas,

- go mbeidh mar thoradh ar obair athbhreithnithe an choimisiúin coinníollacha eisceachtúla ag baint le bunú gaelscoileanna a thógann sainriachtanais agus nádúr uathualacht sholáthar na gaelscolaíochta san áireamh agus go socrófar an t-íosmhéid daltaí chun aitheantas sealadach ag figiúr a léiríonn nádúr agus inmharthanacht na ngaelscoileanna,
- go leanfaidh na heagrais oideachais agus Ghaeilge ag tabhairt tacaíochta dúinn agus muid i mbun stocaireachta ar an ROE faoin gceist.

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 10

Molta: Cathal Ó Luain

Tacaithe: Siobhán Nic Gearailt

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 11

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Yvonne Ní Mhurchú

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 1

Molta: Pádraig Mac Fhearghusa

Tacaithe: Aoife Ní Scolaí

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 2

Thit an rún seo toisc nach raibh aon duine ann lena mholadh.

RÚN 3

Molta: Pádraig Mac Fhearghusa

Tacaithe: Aoife Ní Scolaí

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 4

Molta: Pádraig Mac Fhearghusa

Tacaithe: Seán Ó hArgáin

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 5

Molta: Seán Mag Oireachtaigh

Tacaithe: Aoife Ní Scolaí

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 6

Molta: Anita Nic Amhlaoibh

Tacaithe: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 7

Molta: Máirín Ní Chéileachair

Tacaithe: Alison Carruth

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 8

Molta: Pádraig Mac Criostal

Tacaithe: Leah Ní Mhaoláin

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 12

Molta: Yvonne Ní Mhurchú

Tacaithe: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 13

Molta: Yvonne Ní Mhurchú

Tacaithe: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 14

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh

Tacaithe: Séamus Ó Ceanainn

Ritheadh an rún d'aonghuth.

RÚN 18

Molta: Pádraig Mac Fhearghusa

Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 15

Molta: Cathnia Ó Muircheartaigh

Tacaithe: Alison Carruth

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 16

Mhol Cathal Ó Donnghaile an rún seo a leasú agus thacaigh Úna Ní Mhaoildeirge leis an leasú mar seo a leanas:

Éilíonn an Chomhdháil seo ar an mbeirt Airí Oideachais (agus Eolaíochta) ar oileán na hÉireann agus ar a gcuid

comhairleoirí go léir polasaí comónta dearfach uile-Éireann a chur i bhfeidhm i dtaobh aitheantas a thabhairt d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i gceantair ina mbíonn ar a laghad dhá Ghaelscoil fhriothaileacha ann le freastal orthu, mar atá molta i dtuairisc an Choimisiúin um Chóiríocht Scoileanna 2004 ionas nach bhfágfaí scoileanna neamh-aitheanta, neamh-mhaoinithe agus gan aon chúnamh stáit faoi mar atá Coláiste Speirín i lár Uladh san am i láthair.

Molta: Cathal Ó Donghaile

Tacaithe: Úna Ní Mhaoildeirge

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 17

Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin

Tacaithe: Máirín Ní Chéileachair

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 19

Molta: Mícheál Ó Broin

Tacaithe: Cathnia Ó Muircheartaigh

Ritheadh an rún d'aonghuth

RÚN 20

Molta: Pádraig Mac Fhearghusa

Tacaithe: Siobhán Nic Gearailt

Ritheadh an rún d'aonghuth

Na Toghcháin

Toghagh na hoifigigh gan freasúra. Baineadh na hoifigigh ón liosta de ghnáth bhaill agus toghadh an seachtar a bhí fágtha gan freasúra. Cuireadh in iúl don chruinniú go mbeadh deis chomhthoghadh ag an gcéad chruinniú eile den Bhord Stiúrtha.



Tuairisc an Rúnaí 2009

Reáchtáladh cruinniú ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil 2008 i leith ar na dataí seo a leanas:- 29.11.08, 20.12.08, 17.01.09, 13.02.09, 21.03.09, 15.05.09, 20.06.09, 05.09.09, 07.11.09.

Comhthoghadh Micheál Ó Duibh, ainmniúchán ó Chomhairle na Gaelscolaíochta agus Ben Ó Floinn, ainmniúchán FNT ar an mBord Stiúrtha ag an gComhdháil Bhliantúil. Comhthoghadh Deirdre Nic Gabhann, Conall Ó Cruadhlaoidh agus Sinéad Ní Nualláin ar an mBord Stiúrtha freisin i rith na bliana.

D'éirigh Anita Nic Amhlaoibh (Rúnaí ar GAELSCOILEANNA TEO.), Adrian Breathnach agus Réamaí Mathers as an mBord Stiúrtha i mbliana. Toghadh Yvonne Ní Mhurchú mar Rúnaí. Fágadh folúntas ansin don Oifigeach Polasaí agus Pleanála agus toghadh Micheál Ó Duibh.

Bliain ghnóthach dhúshlánach a bhí ann do Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO ag treorú phlean oibre na bliana de réir ár bPlean Straitéiseach, idir bhunú, buanú agus forbairt scoilphobail. Cúis mhór imní agus buairt don Bhord Stiúrtha agus d'earnáil na Gaelscolaíochta i mbliana é an próiseas nua a d'fhógair an tAire, Batt O Keeffe i leith aitheantais do bhunscoileanna nua. Ar an drochuair, níor tugadh cead d'aon ghaelscoil nua oscailt i mbliana in ainneoin na n-aighneachtaí agus na stocaireachta ar fad thar ceann na gcoistí bunaithe.

Ghlac GAELSCOILEANNA TEO., mar aon leis na hEagraíochtaí ar fad atá bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge, páirt

i mórmheasúnú ar an eagraíocht le comhairleoirí neamhspleácha Mazars i rith na bliana. Bhí an eagraíocht páirteach i ndréachtadh polasaí thumoideachais an ghrúpa GSPT a seoladh go hoifigiúil ar an 17 Meitheamh 2009. Mar chuid den chomhoibriú leanúnach le h-eagraíochtaí eile ar mhaithe na hearnála, eagraíodh comhsheimineár lae le FNT ar Oideachas Luath-Óige trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint ar na Boird Bainistíochta i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta.

Cuireadh tús le struchtúr réigiúnda a thabharfaidh deis do phobail uile na scoile comhoibriú agus saineolais a roinnt ar a chéile. Tionóladh cruinniú do phríomhoidí na ngaelscoileanna ag Comhdháil an IPPN. Forbraíodh an Nuachtlitir leictreonach agus tá aiseolas an-dearfach air chomh maith le scéalta agus grianghraif ó na scoileanna fud fad na tíre. Scaipeadh bileoga toghchánaíochta do theaghligh na scoileanna lán-Ghaeilge i mí an Mheithimh. Arís i mbliana, reáchtáladh comórtas tallainne na niarbhunscoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta, *Scléip!* agus d'éirigh thar cionn leis. Táimid ag súil go mór le h-éisteacht leis na buaiteoirí arís ag an gComhdháil Bhliantúil i gCill Chainnigh.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an Bord Stiúrtha, le foireann GAELSCOILEANNA TEO. agus le pobail uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do Chomhdháil Oideachais eile den scoth. Go raibh fada buan sinn!

Yvonne Ní Mhurchú, Rúnaí don Bhord Stiúrtha



DO THEANGA, DO ROGHA

GLAC LEIS

 **Conradh na Gaeilge** 
**GLAC LEIS AN DEIS CHUN CEARDLANN
'GLAC LEIS' A REÁCHTÁIL LE DO RANGSA!
SEOL DO SHONRAÍ TEAGMHÁLA CHUIG:**

glacleis@cnag.ie

**TIDCFAIDH DUINE Ó CHONRADH NA GAEILGE
CHUIG AN SCOIL LE CEARDLANN SPRAÍÚIL,
SPREAGÚIL A DHÉANAMH LEIS NA DALTAÍ AR A
gCEARTA TEANGA AGUS AR NA DEISEANNA
FOSTAÍOCHTA ATÁ ACU LEIS AN nGAEILGE, IN
ÉIRINN AGUS SAN AONTAS EORPACH.**

GLAC LEIS AN nGAEILGE, GLAC LEIS AN DEIS!

01 4757401 - glacleis@cnag.ie - www.cnag.ie



SCÉALTA POPNUACHTA LE LÉAMH & LE HÍOSCHÓIPEÁIL MAR MP3

AR WWW.RRR.IE





GAELSCOILEANNA TEORANTA

CLÁR

Eolas	11
Tuarascáil na Stiúrthóirí	12
Freagrachtaí Stiúrthóirí	13
Tuarascáil an Iniúcháir	14
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	16
Clár Comhardaithe	17
Nótaí ar na Cuntais	18
Ráiteas Sreabhadh Airgid	19
Cuntas Oibriúcháin	20

Stiúrthóirí

Mícheál Ó Broin (Uachtarán)
 Anita Nic Amhlaoibh
 Dealgan Ó Ciarubháin
 Ben Ó Floinn
 Cathal Ó Luain
 Seán Ó Nuanáin
 Tadhg Ó Ceallaigh
 Seán Mag Oireachtaigh
 Cathnia Ó Muircheartaigh
 Yvonne Ní Mhurchú
 Máirín Ní Chéileachair
 Alison Carruth
 Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
 Adrian Breathnach
 Mícheál Ó Duibh
 Deirdre Nic Gabhann
 Conall Ó Cruadhlaoidh
 Sinéad Ní Nualláin
 Réamaí Mathers

Rúnaí

Anita Nic Amhlaoibh

Oifig Chláraithe

7 Cearnóg Mhuirfean
 Baile Átha Cliath 2

Uimhir Chláraithe

317146

Baincéirí

Bainc Aontas Éireann
 40/41 Sráid an Fheistí
 Baile Átha Cliath 2

Iniúcháir

Dáithí Ó Maolchoille
 Cuntasóir Cairte agus
 Iniúcháir Cláraithe
 75 Páirc Weston
 Baile an Teampaill
 Baile Átha Cliath 14



Tuarascáil na Stiúrthóirí

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

Cuireann na stiúrthóirí leis seo a ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 faoi bhráid na gcomhaltaí.

Athbhreithniú ar imeachtaí na bliana

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

Torthaí na bliana agus staid cúrsaí ar 31 Nollaig 2008

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ar leathanaigh 6 go 10. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 6. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 7.

Stiúrthóirí

Ar 25 Samhain 2008 ceapadh Réamaí Mathers mar stiúrthóir.

Ar 17 Eanáir 2009 ceapadh Deirdre Nic Gabhann, Conall Ó Cruadhlaoich agus Sinéad Ní Nualláin mar stiúrthóirí. An lá céanna d'éirigh Seán de Paor agus Ciarán Mac Fhearghusa as an mBord Stiúrtha.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir, seachas an t-uachtarán, as oifig agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa.

12

Imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

Forbairtí amach anseo sa ghnóthas

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Leabhair chuntais

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Alt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun cúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

Iniúcháir

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Iniúcháir Cláraithe, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí

MÍCHEÁL Ó BROIN

DEALGAN Ó CIARUBHÁIN

Stiúrthóirí

21 Márta 2009



Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eiseithe ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chailleanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí

MÍCHEÁL Ó BROIN

DEALGAN Ó CIARUBHÁIN

Stiúrthóirí

21 Márta 2009



Tuarascáil an iniúcháora Neamhspleách do na Comhaltaí

GAELSCOILEANNA TEORANTA

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Iomlán Admhaithe, Ráitis Sreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 6 go 10. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasáiochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúcháora agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúcháora faoi seach

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí tá stiúrthóirí na cuideachta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir dlíthe oiriúnacha agus na gcaighdeán cuntasáiochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeán Iniúcháireachta agus atá foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtais Chuntasáiochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn).

14

Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh faoi réir na riachtanas dlíthiúil agus rialaitheach gaolmhar agus na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Éire).

Tugaim tuairisc ar mo thuairim daoibh faoi fhírinne agus faoi chothromas an léargais a thugann na ráitis airgeadais, faoi réir Chleachtais Chuntasáiochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, agus cé acu ar ullmhaíodh i gceart iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tuairiscím daoibh freisin mo thuairim faoi na hábhair seo a leanas: cé acu ar choimeád nó nár choimeád an chuideachta leabhair chuntais chearta agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Thairis sin, deirim cé acu an bhfuair mé nó nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe riachtanacha uile chun críche mo iniúchta, agus cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tugaim tuairisc daoibh freisin, más é mo thuairim é, nach bhfuil eolas a éilítear de réir dlí maidir le luach saothair agus le bearta na stiúrthóirí tugtha agus, más féidir, tugaim an t-eolas sin i mo thuarascáil.

Léim tuarascáil na stiúrthóirí agus cuirim ar an meá na himpleachtaí do mo thuarascáil má mheasaim cuma mhíchruinn a bheith ar aon ráiteas inti.

Bunús thuairim an iniúchta

Rinne mé m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áirítear in iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na faisnéisithe sna ráitis airgeadais. Áirítear ann freisin measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, mar aon le measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta do chúinsí na cuideachta, agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad.

Rinne mé m'iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcrích ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dom le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó míraltacht nó earráid eile ba chúis leis. Le linn dom teacht ar mo thuairim rinne mé meastóireacht freisin ar dhóthanacht iomlán na slite inar léiríodh an fhaisnéis sna ráitis airgeadais.



Tuarascáil an iniúcháora Neamhspleách do na Comhaltaí

GAELSCOILEANNA TEORANTA

Tuairim

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na cuideachta, faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, mar a bhí ar an 31 Nollaig 2008 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair m'iniúchta. Is é mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Dáithí Ó Maolchoille
Cuntasóir Cairte, Iniúcháir Cláraithe
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14

21 Márta 2009



Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

		2008	2007
	Nótaí	€	€
Ioncam		522,174	507,255
Caiteachas		(498,505)	(484,074)
Farasbarr oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	23,669	23,181
Cáin ar fharasbarr ar ghnáthghníomhachtaí	3		
Farasbarr ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach		23,669	23,181
Farasbarr ag 1 Eanáir		64,641	41,460
Farasbarr ag 31 Nollaig		88,310	64,641

16 Ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas iomlán admhaithe

Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí

MÍCHEÁL Ó BROIN
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN

Stiúrthóirí



Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

	2008	2007
Nótaí	€	€
Sócmhainní seasta		
4	-	3,281
Sócmhainní reatha		
Réamhíocaíochtaí	17,354	11,827
Airgead sa bhanc	89,767	68,158
	107,121	79,985
Creidiúnaithe (iníochta laistigh de bhliain amháin)	(18,811)	(18,625)
Glansócmhainní reatha	88,310	61,360
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha	88,310	64,641
Comhdhéanta mar seo a leanas Cuntas loncaim agus Caiteachais	88,310	64,641

Ar son na stiúrthóirí

MÍCHEÁL Ó BROIN
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN

Stiúrthóirí

Nótaí ar na Cuntais

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnáis chéadchostais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

Trealamh oifige 33 1/3 % per annum

Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais loncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

2. FARASBARR OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

	2008	2007
	€	€
Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:		
Táille iniúcháir - iniúchadh	1,300	1,300
- seirbhísí neamhiniúcháireachta	3,074	3,056
Dímheas	3,281	5,422

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí loncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí loncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

4. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

	Trealamh Oifige
	€
Costas	
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	26,444
Dímheas	
Ag 1 Eanáir	23,163
Muirear na bliana reatha	3,281
Ag 31 Nollaig	26,344
Glanmhéid	
31 Nollaig 2008	
31 Nollaig 2007	3,281

5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta.

6. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ghlac na stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais ar 21 Márta 2009.



Ráiteas Sreabhadh Airgid

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

	2008 €	2007 €
INSREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	21,609	17,079
Méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	21,609	17,079
ANAILÍS AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID AGUS AR GHLUAISEACHTAÍ I RITH NA BLIANA		
Ag tús na bliana	68,158	51,079
Insreabhadh airgid thirim	21,609	17,079
Ag deireadh na bliana	89,767	68,158
RÉITEACH IDIR FARASBARR NA BLIANA AGUS SREABHADH AIRGID THIRIM Ó GNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
Farasbarr	23,669	23,181
Dímheas	3,281	5,422
(Méadú) ar réamhíocaíochtaí	(5,527)	(11,827)
Méadú ar chreidiúnaithe	186	303
	21,609	17,079



Cuntas Oibriúcháin

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

IONCAM	€	2008	2007
		€	€
Deontas – Foras na Gaeilge do Cóiríocht Oifige		506,080	417,321
Ballraíocht		9,278	72,300
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	4,221		9,165
Nuachtlitir	845	5,066	4,000
Comenius		1,750	-
Ús tuillte		-	3,170
Síntiús		-	34
Táillí Cúrsaí		-	500
		522,174	240
CAITEACHAS			
Tuarastail agus Prémheanna Pinsin		242,406	236,840
Costais an Fheidhmeannais		12,851	15,791
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil		14,945	20,630
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana (€25,488 - €9,627)		15,861	18,959
Árachas		3,024	2,868
Cóiríocht Oifige		91,569	73,257
Costais Oifige		11,902	4,996
Teileafón		3,420	3,680
Stáiseanóireacht		2,629	4,070
Trealamh		1,716	1,943
Táillí Bainc		464	239
Táillí Proifisiúnta		25,182	18,968
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna		16,580	18,183
TACA		10,000	-
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne		6,710	4,726
Scléip (€9,951 - €4,351)		5,600	6,236
Imeachtaí Idirscoileanna		7,450	3,094
Foilseacháin/ Poiblíocht		15,386	2,000
Caidreamh Poiblí		7,260	-
Comenius		69	128
Dímheas: Trealamh Oifige		3,281	5,422
Rátaí Oifige		-	1,738
Cruinniú Ginearálta Urghnách		-	10,744
Feachtas Tumoideachais		-	6,141
Iris		-	7,366
Cúrsaí		-	11,754
Fógraí		-	1,776
Urraíocht- Glór na nGael		-	2,000
		498,505	483,549
Farasbarr na bliana		23,669	23,181



Cuntas Oibriúcháin

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2008

GAELSCOILEANNA TEORANTA

CUNTAS 1

Ioncam

Deontas – Foras na Gaeilge		506,080
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	4,221	
Nuachtlitir	845	5,066
		<u>511,146</u>

Caiteachas

Tuarastail agus Prémheanna Pinsin	242,406
Costais an Fheidhmeannais	12,851
Bord Stiúrtha - cruinnithe agus cothabháil	14,945
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana (€25,488 - €9,627)	15,861
Árachas	3,024
Cóiríocht Oifige	91,569
Costais Oifige	11,902
Teileafón	3,420
Stáiseanóireacht	2,629
Trealamh	1,716
Táillí Bainc	464
Táillí Proifisiúnta	15,328
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	16,080
TACA	10,000
Oiliúint agus Earcaíocht Foirne	6,710
Scléip	5,600
Imeachtaí Idirscoileanna	7,450
Foilseacháin/Caidreamh Poiblí	15,386
Comenius	269
Dímheas: Trealamh Oifige	3,281
	<u>480,891</u>
Farasbarr na bliana –cuntas 1	30,255

CUNTAS 2

Ioncam

Ballraíocht	9,278
Comenius	1,750
	<u>11,028</u>

Caiteachas

Táillí Proifisiúnta	9,854
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	500
Caidreamh Poiblí	7,260
	<u>17,614</u>
(Easnamh) na bliana – cuntas 2	(6,586)

**Digital Creator - an bealach
spreagúil nua le foghlaim conas
Meáin Dhigiteacha a chruthú
agus a roinnt; do scannáin féin
a dhéanamh agus a chur in eagar;
do phodchraoltaí féin a léiriú.**

Spreagann Digital Creator Foghlaimeoirí le tograí Fíorshaoil sna meáin dhigiteacha a fhorbairt. Is féidir ansin ríomhfhillteán tionscadail nuálaíochaa chruthú agus a mheas go digiteach. Tá Digital Creator ar Fáil anois do gach Foghlaimeoir, trí Ghaeilge agus trí Bhéarla.

Tá an cáiliúchán agus an teastas creidiúnaithe sa Ríocht Aontaithe ag Cumann Ríomhaireachta na Breataine (BCS), agus tá sé ailínithe le leibhéal 4 Faoi chóras Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI).

Foghlaim conas...

Do chuid ceoil féin agus
podchraoladh a chumadh

Fíreán a dhéanamh agus
fuaimríanta a chur leiri

Beochain corúil le
'Wallace and Gromit' a chruthú!

Breirigh do ghrianghroif
agus cruthaigh clár thairpeána

Agus i bhfad, i bhfad níos mó!



Buail irteach go www.digitalcreator.ie
le níos mó eolais a fháil

e-phost: qualifications@digitalcreation.ie
Teileafón: +353 1 2394990

Na Comhluidair Bheo

www.gaeltacht.eu

Eagras príomháideach ag
saothrú ar son Lucht Labhartha
na Teangan

Á cur ar fáil díbh -
an Eicea-thurasóireacht is fearr
gan dul thar lear

An Comhluidar Scadhp

- ❖ ar an mBlag eGaeilge
- ❖ fóram fíorúil do Lucht
Labhartha na Gaeilge

[Trealamh Scadhp le fáil saor in aisce ach é a
iarraidh in am ó cairde@gaeltacht.info]

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



**Ag tacú leis an oideachas
lán-Ghaeilge agus Gaeltachta,
agus le múineadh na Gaeilge**

- Soláthar áiseanna teagaisc
- Seirbhísí taca
- Taighde

www.cogg.ie

Feachtas

FEACHTAS ÓG - GHLUAISEACHT NA GAEILGE

Guíonn Feachtas a mbeannachtaí ar ghaelscoileanna

Is óg grúpa í feachtas a ritheann

Campaí Samraidh

Tráth na gceist

Óg clubanna

Taispeántais Talainne

Cursaí Cinnireachta

Cursaí eachtrachtaí

Ag Ceiliúradh

na Scoileanna
Lán-Ghaeilge



Gaelscoil Chluain Dolcáin: Tháinig an tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa ar chuairt chun na scoile chun a lá speisialta a cheiliúradh.

25 bliana d'aois



Gaelscoil Átha Í: Foirgneamh úrnua álainn ag Gaelscoil Átha Í. Díphacáil fós ar siúl!

Cóiríocht Scoile Nua



Gaelscoil na Lochanna: Aitheantas buan á cheiliúradh ag daltaí agus ag múinteoirí Ghaelscoil na Lochanna, Meán Fómhair 2009.

Aitheantas Buan

Cóiríocht Scoile nua



Gaelscoil an Bhradáin Feasa: Oscailt oifigiúil na scoile.

10 mbliana d'aois



Gaelscoil Bhriain Bóroimhe: Chuir gach páiste agus gach ball foirne bleibín ar thalamh na scoile chun an ócáid a mharcáil.

20 bliain d'aois



Gaelscoil Faithleann: An fhoireann scoile go léir las muigh ar lá ceiliúradh.

10 mbliana d'aois



Gaelscoil Riabhach: Taispeántas ceoil ag Comhdháil Bhliantúil an Fhorais Pátrúnachta, Meán Fómhair 2009.

Ag Ceiliúradh na Scoileanna Lán-Ghaeilge



Scoil Úrnua

Gaelscoil an tSeanchaí: Scoil lán-Ghaeilge úrnua a d'oscail i Machaire Fíolta i Meán Fómhair 2009.



Cóiríocht Scoile Nua

Gaelscoil Nás na Ríogh: Foirgneamh úrnua galánta le ceiliúradh acu.



Buaiteoirí Scléip!

Scoil Phobail Mhic Dara: Buaiteoirí Grand Prix Scléip! Trí Lasadh. Tá an grúpa iontach seo le taispeántas ceoil a dhéanamh dúinn ag dinnéar na Comhdhála, Aoine 20.11.09.



25 bliana d'aois

Gaelscoil de hÍde: Daltaí ó Rang 2 ag ceiliúradh roimh chluiche ceannais na hÉireann. Cúpla Ciarraíoch ina measc a bhi ag ceiliúradh tar-éis an chluiche!!!



25 bliana d'aois

Gaelscoil na Ríthe: Tá go leor imeachtaí beartaithe ag Gaelscoil na Ríthe d'iarscoláirí agus a gcuid tuismitheoirí maraon le féilire speisialta agus Lá Oscailte!



10 mbliana d'aois

Gaelscoil Mhainistir na Corann: Lá dearg agus bán chun deich mbliana ar an bhfód a cheiliúradh.



40 bliain d'aois

Scoil Neasáin: Iarscoláirí na chéad bliana agus tuismitheoirí ar dhaltaí reatha Scoil Neasáin: Mícheál Ó Maoileáin, Áine de Poire (dalta i 1969), Muireann Pollock (née Ní Riain), Máire Uí Mhuirí (née Ní Chonaill), Jean Nic Cába Strange agus Ultain Mac Uathne.



Tuairisc na hEagraíochta 2009

Cúrsaí Foirne & Oifige

Bhí an-áthas orainn i mbliana Oifigeach Forbartha nua a fhostú - thosaigh Clare Spáinneach leis an eagraíocht sa ról sin ag tús Mheán Fómhair. Tagann Clare i gcomharbacht ar Sheán Ó hAdhmaill a d'fhág an eagraíocht le linn an tsamhraidh le dul ag obair le Forbairt Naíonraí Teoranta. Gabhaimid buíochas mór le Seán as a chuid oibre linn agus guímid gach rath air ina ról nua. Cheana féin tá Clare gnóthach ag cur aithne ar na coistí bunaithe agus í ag tnúth go mór le bualadh le pobal na scoileanna ag a céad Chomhdháil Bhliantúil de chuid na hEagraíochta. Táimid an-sásta go bhfuil Clare ag obair linn agus cuirfimid fáilte mhór roimpi agus guímid gach rath ar a cuid oibre i gcónaí.

Is mian liom an deis a thapú aitheantas a thabhairt don fhoireann as a dúthracht, spéis agus iarrachtaí macánta a bheith ag comhoibriú agus ag cabhrú lena chéile ar mhaithe le forbairt na hEagraíochta agus na hearnála. Cé go mbímid faoi bhrú leanúnach san oifig, tá spiorad foirne láidir eadrainn, rud a chuireann go mór le héifeacht na hEagraíochta. Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a chur ar fáil don chúigear foirne atá againn.

Forbairt shuntasach don fhoireann i mbliana ná an t-aistriú go hoifigí nua in Institiúid Oideachais Marino. Tá suite oifigí ar fáil don fhoireann agus táimid an-sásta leis an spás breise a bhí de dhíth go mór. Léiríonn an t-ionad luach an-mhaith ar airgead freisin, rud atá rithabhachtach sa gheilleagar reatha. D'éirigh linn an gaol láidir comhoibritheach le Forbairt Naíonraí Teoranta a neartú trí bhogadh in éineacht leo siúd agus ní fada gur lean an Foras Patrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge muid! Táimid ag cur na síolta anois do ghaelchamps na n-eagraíochtaí gaeilgeachais i MIE.

Scoileanna Nua-bheartaithe

An Próiseas Aitheantais Nua

Timpeall ar am na Comhdhála anuraidh, d'fhógair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tús le próiseas athbheithnithe ar an bpróiseas aitheantais bunscoile. Cuireadh in iúl nach n-osclófar aon scoil le linn an phróisis seachas scoileanna atá lonnaithe i gceantair forbartha aitheanta agus a bhfuil riachtanas soiléir léirithe dóibh, de réir teilgean daonáirimh. Cé go n-aithníonn an eagraíocht an gá a bhaineann le forbairt ar an bpróiseas aitheantais le go mbeadh sé níos trédhearcaí mar phróiseas, bhuail an moratóir seo go mór ar an 7 goiste bunaithe a bhí ag treabhadh leo go díograiseach ar feadh a a laghad bliain roimh fhógra an Aire. Níor tugadh míniú sásúil dóibh ach gur bhain sé le cúrsaí geilleagrach agus easpa acmhainní na Roinne freastal ar an éileamh seo. Bhí na coistí bunaithe seo thíos de bharr drochphleanála ar sholáthar don todhchaí.

An t-ábhar frust is mó a bhí ar na coistí seo ná gur léirigh na huimhreacha rollacháin do na scoileanna beartaithe go bhfuil an-éileamh ar an ngaelscolaíocht sna ceantair lena mbaineann, le daltaí ar liosta rollaithe chomh fada sa todhchaí le 2013.

Dearcadh GAELSCOILEANNA TEO.

Shéan GAELSCOILEANNA TEO. go láidir an cinneadh moratóir a chur sa tsíúl i ngeall ar an bhfianaise ríshoiléir ar éileamh. Creideann an eagraíocht go sáraíonn an cinneadh seo cearta bunreachtúla na dtuismitheoirí uile ar na coistí bunaithe atá ag treabhadh ar aghaidh go díograiseach chun go mbeidh an ghaelscolaíocht ag a gcuid páistí mar rogha oideachais den scoth. Is dearcadh cúng, gearrthéarmach é seo a dhéanfaidh an-chuid dochair don Ghaeilge sa ghearrthréimhse agus san fhadtréimhse. Ceann de na ceisteanna faoi chaibidil ag an Roinn ná an t-íosmhéid daltaí atá de dhíth chun aitheantas sealadach a fháil. Bíonn an t-íosmhéid páistí ag na Gaelscoileanna, agus bíonn siad inmharthana ón gcéad lá riamh, agus téann siad ó neart go neart. An dúshlán is mó a bhíonn ag na gaelscoileanna ná conas freastal ar an liosta feithimh agus ar an éileamh i gcomhthéacs an spáis fhisicigh agus na cóiríochta cuí don scoil.

An Staid Reatha

Faoi láthair, tá Grúpa Teicniúil de chuid na Roinne móide daoine seachtracha ar an nGrúpa Teicniúil atá ag ullmhú critéir nua d'aitheantas scoileanna nua. Cuirfidh an Grúpa Teicniúil a thuairisc faoi bhráid an Choimisiúin um Chóiríocht Scoileanna roimh dheireadh na bliana agus foilseofar na critéir nua go luath san Earrach. Tá ionadaíocht ag GAELSCOILEANNA TEO. ar an gCoimisiún um Chóiríocht Scoileanna agus tá áthas orainn go mbeidh ionchur againn sa phróiseas. Tá aighneacht GAELSCOILEANNA TEO. faoi na critéir seo ar fáil ar iarratas. Mar chomhpháirtí oideachais, beidh GAELSCOILEANNA TEO. an-sásta gach comhairle a chur ar fáil don ROE lena chinntiú go gcomhlíonfaidh sí a dualgais i leith na gaelscolaíochta sna cúinsí deacra geilleagracha reatha.

I ngeall ar an doiléireacht, tá an-ísle brí ar na coistí bunaithe agus tá coiste amháin tar éis tarraingt siar faoin tráth seo. Tuigimid an frustrachas agus an t-éadóchas a bhainfeadh leis an easpa dul chun cinn sásúil agus táimid fíor bhuíoch díobh siúd a choinnigh an misneach agus atá ag láidriú a gcuid aighneachtaí faoi láthair chun go gcuirfear a n-iarratas san áireamh don scoilbhliain 2010 agus 2011. Le cúinsí geilleagracha mar atá, is beag scoil a bheidh ag fáil aitheantais do 2010 ach táimid dóchasach go mbeidh gaelscoil ina measc siúd a dhéanann.



Is amhlaidh atá an scéal ag an iar-bhunleibhéal agus is beag bogadh atá san earnáil ó thaobh aitheantais ón Roinn. Tá Oifigeach Forbartha na hEagraíochta ag obair le tuismitheoirí agus leis na gaelscoileanna áitiúla chun an soláthar ag an iar-bhunleibhéal a fhorbairt.

Na Ceantair ina bhfuil Scoileanna nua Beartaithe

Seo a leanas na ceantair a bhfuil coistí bunaithe ag obair iontu faoi láthair:-

Ag an mbunleibhéal

1. Gaelscoil Ros Mhic Thriúin, Ros Mhic Thriúin
2. Gaelscoil Lusca, Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath
3. Gaelscoil na Feoire, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh
4. Gaelscoil Oiriall, Dún Léire, Co. Lú
5. Gaelscoil an Chuilinn, Baile an Tirialaigh, Baile Átha Cliath 15
6. Gaelscoil Chillín Chéir, Achadh an Iúir (Virginia) / Oirthear an Chabháin
7. Gaelscoil Oisín, Croimghlinn, Baile Átha Cliath 12

Ag an iar-bhunleibhéal

1. Gaelcholáiste Dheisceart Átha Cliath
2. Gaelcholáiste Shligigh-Liatroma Thuaidh, Co. Shligigh
3. Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin
4. Gaelcholáiste na hIarmhí, An Muileann gCearr
5. Gaelcholáiste Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma
6. Coláiste Ghlór na Mara, Co. Bhaile Átha Cliath
7. Gaelcholáiste Chill Dara Thuaidh, Má Nuad
8. Gaelcholáiste Droichead Átha, Co. Lú

Leanann an plé leis an Roinn faoi na ceantair seo agus ceantair nach iad. Guímid gach rath ar obair na gcoistí seo agus táimid ag súil le ceiliúradh a dhéanamh ar a n-oscailt sa tréimhse atá romhainn.

Gabhaimid buíochas ar leith le Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge as an gcomhoibriú leanúnach maidir leis na scoileanna nua.

Cóiríocht Scoileanna

I mí Dheireadh Fómhair, fógraíodh go raibh beagnach leath de bhuiséad caipitil na Roinne gan a bheith caite go dtí sin nó le caitheamh go fóill roimh dheireadh na bliana. Deir an

Roinn go mbaineann an fochaiteachas seo (€396 milliún) le héifeachtúlacht agus le sábháilte ar chostais chomh maith le moill ar chúrsaí bogadh chun cinn. Molaimid an Roinn as éifeachtúlacht a bhaint amach i gcásanna áirithe ach tuigtear dúinn go mbaineann an-chuid den fhochaiteachas le heaspa dul chun cinn ar thograí atá beartaithe. Is mó an t-ábhar míshástachta é seo do scoileanna atá ar bharr an liosta don phróiseas tairisceana agus tógála. As an 43 tionscadal tógála a raibh tosaíocht tógála tugtha dóibh, tá 5 scoil lán-Ghaeilge ina measc, ach níl an obair a bhí geallta laistigh de bhuiséad na bliana seo tosaithe go fóill.

Bheadh sé tubaisteach dá racfadh an fuilleach seo ar ais isteach sa Státchiste agus riachtanas lomléirithe ag scoileanna do chúnamh. Tá sé riachtanach go bhfaighidh na scoileanna buntáistí an fhuílligh seo agus go gcuirfear scoileanna lán-Ghaeilge atá i gcruachas cóiríochta chun tosaigh ar an liosta anois. Táimid ag éileamh ar an Roinn an próiseas a bhaineann le forbairt agus feabhsú scoileanna chomh maith le feabhsú ar chóiríocht shealadach a dhéanamh trédhearcach agus soláimhsithe mar nach éasca an rud é an próiseas reatha a thuiscint nuair nach bhfuil cumarsáid agus soiléiriú ar fáil in ainneoin iarratais leanúnacha ó scoileanna chuig an Roinn.

Gabhaimid buíochas leis an Roinn as an dul chun cinn atá déanta i gcás na scoileanna a fuair foirgnimh nua nó síntí le linn na bliana, agus is iad sin Gaelscoil Thomáis Dáibhis, Gaelscoil Cholmcille; Gaelscoil an Bhradáin Feasa, Scoil na gCeithre Máistrí, Gaelscoil Nás na Ríogh agus Gaelscoil Thaobh na Coille. Seasann na scoileanna sin anois mar eiseamláir don earnáil ar riachtanais chóiríochta na scoileanna á sholáthar. Déanaimid comhghairdeas leis na scoileanna seo a d'oibrigh go díograiseach chun an staid seo a bhaint amach.

Struchtúr Tacaíochta Réigiúnda do Scoileanna

Táimid ag forbairt struchtúr nua tacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn réigiúnda faoi láthair agus tá tús curtha againn leis an gcur chuige seo in dhá cheantar go dtí seo. Is í aidhm an tionscadail seo ná gréasán tacaíochta a spreagadh idir scoileanna ag an dá leibhéal ar bhonn áitiúil agus réigiúnda; tuiscint a mhéadú ar thionscadail agus ar sheirbhísí GAELSCOILEANNA TEO.; agus deis a bheith ag scoileanna a gcuid riachtanas a chur in iúl dúinn chun go mbeimid in ann a chinntiú go mbeidh ár gclár oibre ábhartha do riachtanais na scoileanna.

Tá sé i gceist go mbunófaí coistí réigiúnda a bheidh sásta plé le saincheisteanna an ghaoilideachais sa chontae/réigiún, agus go mbeadh GAELSCOILEANNA TEO. ag feidhmiú mar áis tacaíochta don choiste buan seo. Is é an coiste féin a shocraíonn agus a aontaíonn a chlár oibre, bíodh is gur riachtanais oideachasúla, oiliúna, scoilphobail nó eile a bheidh ann agus déanfaidh an eagraíocht gach iarracht



freastal ar na riachtanais de réir mar is cuí. Fáilteofar roimh phobail uile na scoileanna (foireann, Boird Bainistíochta, Coiste na dTuismitheoirí, tuismitheoirí, coistí bunaithe) a bheith páirteach san fhorbairt seo. Tá súil againn a bheith in ann an struchtúr seo a fhorbairt i gcomhar leis an bhForas Patrúnachta.

An Córas Luath-Thumoideachais

Mar is eol daoibh, d'éisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ciorclán (0044/2007) i mí Iúil 2007, a raibh mar aidhm aige dualgas a chur ar na scoileanna lán-Ghaeilge 2.5 uair an chloig de Bhéarla a theagasc gach seachtain ó thús an dara téarma de rang na naíonán sóisearach, ar a dhéanaí. Chuamar i mbun feachtas tréanstocaireachta chun míreasún agus easpa bunúis an chinnidh seo a phoibliú sna meáin agus chuamar i mbun comhchainteanna leis an Roinn ina thaobh. Tá an cheist chonspóideach seo faoi réir athbhreithniú breithiúnach san Ardchúirt ó shin. Is iad Gaelscoil Mhic Easmainn, Gaelscoil Nás na Ríogh agus Foras Patrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge Teo. na hiarratasóirí sa chaingean dlí. Ní féidir leis an ROE an ciorclán a chur i bhfeidhm i scoil ar bith go dtí go mbeidh toradh an athbhreithnithe bhreithiúnaigh ann. Ciallaíonn sé seo go bhfuil cead ag na scoileanna leanúint leis an dea-chleachtas a bhí ar bun go dtí go mbeidh cinneadh ann. Táimid dóchasach go réiteofar an cheist go luath agus go ndéanfar breithiúnais i bhfábhar chosaint an chórais luath-thumoideachais in Éirinn. Agus an toradh seo ann, tabharfar faoi stocaireacht ar thaighde cuí ar na saincheisteanna uile lena mbaineann chun leasa na hearnála agus chun láidriú an chórais.

Mór-mheasúnú ar na heagrais Ghaeilge & Todhchaí COGG

An Comhthéacs reatha

Tá mór-athruithe ag tarlú i ngach earnáil sa tír, earnáil na Gaeilge san áireamh. Go comhthreomhar, tá:-

- measúnú á dhéanamh ar na hEagraíochtaí uile atá bunmhaoinithe ag Foras na Gaeilge, GAELSCOILEANNA TEO. ina measc;
- Straitéis fiche bliain an Rialtais a leagann amach mapa bóithre don Ghaeilge don tréimhse atá romhainn, agus
- na moltaí a rinne an tUasal Mac Cárthaigh agus an Bord Snip Nua.

Creidimid go láidir gur den riachtanas é go mbeidh caomhnú agus forbairt earnáil na gaelscolaíochta i gcroílár aon phlean do thodhchaí na Gaeilge. Creidimid gur féidir an earnáil a láidriú trí luach ar airgead a chinntiú san earnáil, agus comhoibriú níos éifeachtaí a chur chun cinn trí shainscileanna agus saineolas a roinnt idir eagraíochtaí.

Táimid ag súil go mór le deiseanna a fháil mar thoradh an mheasúnaithe agus trí Straitéis an rialtais a dhéanfaidh obair na hEagraíochta a neartú agus a chinnteoidh breis acmhainní don eagraíocht don todhchaí.

An Bord Snip Nua

Beidh todhchaí earnáil na gaelscolaíochta ag brath ar chéimeanna a dhéanfaidh í a neartú agus ar an mbonn sin, cuireann GAELSCOILEANNA TEO. go láidir i gcoinne an mholta thromchúisigh deireadh a chur leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Bunaíodh COGG faoi Alt 31 den Acht Oideachais le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Níl feidhmeanna COGG á gcomhlíonadh ag aon eagraíocht dheonach ná stáit eile agus d'fhágfadh an moladh seo, dá gcuirfí i bhfeidhm é, bearna agus cailliúint ollmhór do na scoileanna uile lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal ó thaobh acmhainní teagaisc agus foghlama go háirithe. Chuireamar feachtas stocaireachta ar bun chun cur i gcoinne an mholta seo, agus táimid an-bhuíoch de na scoileanna agus a gcuid teaghlach uile a chabhraigh linn leis an bhfeachtas trí litir achainí a shíniú agus a chur chuig an Roinn. Thainig sé chun solais le déanaí gurb amhlaidh fiú gur chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcoinne mholadh an Ghrúpa Speisialta agus bhí an-fhaoiseamh orainn a chloisteáil gur mhol an Roinn Oideachais go leanfaí le dea-obair COGG mar atá.

I leith Straitéis 20 Bliain an Rialtais, ní mór ollchomhthéacs earnáil na Gaeilge agus an Ghaeloideachais a thógáil san áireamh agus cinneadh á dhéanamh faoi mholtaí na Tuarascála, mar a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an nGaeloideachas. Tá an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge le foilsiú roimh dheireadh na bliana seo, gur plean Rialtais é don Ghaeilge ó thaobh úsáide, stádais agus cumais a chur chun cinn. Bhí GAELSCOILEANNA TEO. rannpháirteach sa phlé ar an Straitéis agus tugadh cuireadh dúinn ár dtuairimí a nochtadh trí aighneachtaí agus cruinnithe. Tuigtear go bhfuil an t-oideachas lán-Ghaeilge agus tábhacht an scoilphobail mar thosaíocht agus i gcroílár pholasaí an Stáit do chur chun cinn na Gaeilge.

Aighneachtaí

Mar Chomhpháirtí Oideachais leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, cuirfidimid fáilte riamh roimh an deis ionchur a bheith againn i bpolasaithe na Roinne agus i gcinntí ar raon leathan saincheisteanna. Seo a leanas na haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid na Roinne i mbliana:-

1. Aighneacht chuig an gCoimisiún um Chóiríocht Scoileanna maidir le hathbhreithniú ar an bpróiseas le bunscoileanna nua a bhunú.



2. Aighneacht ar Athbhreithniú ar an nGaelscolaíocht ó thuaidh.
3. Aighneacht faoi mholtaí thuarascáil Mhic Chárthaigh.

Comhoibriú le Patrúin agus eagrais Bhainistíochta na scoileanna

Tá comhoibriú leanúnach ar bun leis na comhpháirtithe oideachais eile agus leis na Patrúin scoile ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal. Táimid ag plé raon leathan saincheistanna agus ag freagairt do cheistanna cáinainéise, ciorraithe agus athraithe polasaithe i rannóg an oideachais. Tá ag éirí go han-mhaith leis an gcur chuige comhoibrithreach atá ag Grúpa na nEagraíochtaí Bainistíochta Bunleibhéil, a bhfuil GAELSCOILEANNA TEO. mar bhall de chun mórcheistanna a phlé agus freagra comhaontaithe na hearnála a chur faoi bhráid an Rialtais agus na Roinne Oideachais.

Thar ceann GAELSCOILEANNA TEO., ba mhaith liom gach rath don todhchaí a ghuí ar Antoinette Buggle a d'éirigh as an NAMSE i mbliana. Tháinig Breda Corr i gcomharbhacht ar Antoinette, agus an-áthas orainn deis a fháil plé le Breda ar bhonn leanúnach anois. Guímid gach rath ar Bhreda ina ról dúshlánach nua.

Is mian liom thar ceann na foirne agus Bhord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO. ár mbuíochas mór ó chroí a ghabháil le Dónall Ó Cónaill, iar-Rúnaí an Fhorais Patrúnachta, a d'éirigh as a ról mar Rúnaí an Fhorais. Tá súil againn go leanfaidh na deiseanna comhoibrithe, an dea-chaidreamh agus comhphlé le Dónall sa todhchaí agus is cinnte go mbeidh a chuid taithí agus saineolais chun leasa na hearnála go ceann i bhfad. Cuirimid fáilte mhór roimh Chaoimhín Ó hEaghra atá tagtha i gcomharbhacht ar Dhónall ó thús Mheán Fómhair agus táimid an-sásta go méadófar ar na deiseanna comhoibrithe agus muid ag obair in aon fhoirgneamh le chéile i MIE. Guímid ádh mór ar Chaoimhín agus ar an bhForas sa ré nua seo.

Imeachtaí Idirscoile & Scléip!

Bhí an-tóir ar na himeachtaí idirscoile i mbliana, go háirithe i dtreo dheireadh na bliana i ndiaidh dúinn an bhileog bholscaireachta a fhoilsiú. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an scéim bheag seo, tá comhoibriú idirscoile a neartú agus deiseanna a chothú do pháistí páirt a ghlacadh in imeachtaí trí Ghaeilge le scoileanna eile. Bhí buiséad de €10,000 ag an eagraíocht do na himeachtaí seo le linn 2009. Rinneamar leasú beag ar bhonn píolótach ar na rialacha ag deireadh na bliana agus anois, is é an t-uasmhéid ná €500 d'aon imeacht idirscoile idir dhá scoil nó €750 i gcomhair trí scoil nó os a cionn. Éiríonn go han-mhaith leis na himeachtaí agus tá súil againn a bheith in ann an scéim seo

a chur ar fáil arís sa bhliain 2010. Is bealach iontach simplí atá ann chun pobail bheaga Ghaeilge a chothú agus chun imeachtaí idirleibhéil agus idirscoile a reáchtáil. Idir thráth na gceist agus chluichí peile, spreagann na himeachtaí ilghnéitheacha seo cumarsáid agus spraoi trí mheán na Gaeilge, rud a théann chun leasa na scoile, chun leasa na ndaltaí agus chun leasa an scoilphobail. Tá samplaí ar fáil ón oifig den chineál imeachta a d'fhéadfaí a reáchtáil don bhliain 2010.

Scléip!

Eagraíodh an comórtas tallainne do na hiar-bhunscoileanna lánGhaeilge / Gaeltachta Scléip! i gcéad leath na bliana 2009. Reáchtáladh babhta réigiúnacha i ngach cúige agus ghlac 19 n-iarbhunscoil páirt sa chomórtas. Tugadh buaiteoirí na mbabhtaí sin le chéile san Amharchlann Axis, Baile Átha Cliath don chraobh le linn mhí an Mhárta. Is iad an grúpa Trí Lasadh, ó Scoil Pobail Mhic Dara, Carna, Co na Gaillimhe a bhí mar phríomhbhuaiteoir sa chraobh agus a bhailigh leo le dealbh atá ar taispeáint sa scoil don tréimhse bliana. Léiríodh caighdeán an-ard de chur i láthair ó na daltaí agus beimid ag súil le caighdeán chomh hard céanna nó níos airde sa chéad chomórtas eile. Guímid gach rath ar na buaiteoirí agus go raibh fada buan a gcuid tallainne! Don chomórtas 2010, is é an spriocdháta atá ann do scoileanna cur isteach ar an gcomórtas i mbliana ná 18 Nollaig 2009. Tá buíochas ar leith ag dul don fhoireann a bhí bainteach leis an gcomórtas agus le baill eile d'fhochoiste an chomórtais.

Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

Forbairt ar Bhoird Bainistíochta na Scoileanna

Forbraíodh clár oiliúna náisiúnta do bhaill Bhoird Bainistíochta bunleibhéil le linn 2008 agus 2009, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Mar chuid den chlár seo, d'fhorbair GAELSCOILEANNA TEO. soláthar oiliúna trí mheán na Gaeilge i gcomhar leis an bhForas Patrúnachta Teo. Tugadh rogha do gach Bord freastal ar an soláthar i nGaeilge nó trí Bhéarla trí chur chuige na ndeoisí faoi stiúir an CPSMA.

Cuireadh oiliúint ar roinnt príomhoidí agus múinteoirí ó na scoileanna chun a bheith mar oiliúnóirí agus lena gcúnamh cuireadh oiliúint ar fáil sna modúil seo:

An Bord mar Aonad Corparáide – Feidhmeanna agus Róil

1. Nósanna Imeachta Ceapachán
2. Airgeadais Boird
3. Cúrsaí Dlí
4. Caomhnú Páistí

Tá sé i gceist na modúil chéanna a chur ar fáil arís san athbhliain chun go mbeidh sé faighte ag gach ball de gach



bord bainistíochta sa tír. Táimid i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar an gcur chuige is fearr chun an rannpháirtíocht a mhéadú. Ceann de na roghanna a bhfuilimid ag breathnú air ná ollseisiún oiliúna lae in Institiúid Oideachais Marino, BÁC san Earrach 2010 agus beimid i dteagmháil le gach bord faoi sin san athbhliain. Tá eolas riachtanach agus an-úsáideach a théann chun leasa bainistíochta na scoileanna ar fad san oiliúint seo agus ón aiseolas atá faighte go dáta, is oiliúint an-luachmhar atá ann.

Is féidir ábhar gach modúil (i mBéarla agus i nGaeilge) a íoslódáil ón suíomh gréasáin nua! Táimid go mór faoi chomaoín acu siúd atá ag feidhmiú mar oiliúnóirí, agus tá obair an-mhaith curtha i gcrích acu san oiliúint a sheachadadh. Beimid ag súil le comhoibriú arís leo ar an gclár seo an bhliain seo chugainn.

Seimineár ar an luathoideachas lán-Ghaeilge

Reáchtáladh seimineár ar an luathoideachas don chéad uair le déanaí mar chomhthionscnamh idir GAELSCOILEANNA TEO. agus FNT. Bhí sé ar siúl ar an 3 Deireadh Fómhair san óstán Maryborough House i gCorcaigh mar chuid de chruinniú cinn bhliana Na Naíonraí Gaelacha. D'éirigh go han-mhaith leis an seimineár agus bhí aiseolas an-dearfach ó na rannpháirtithe, ach go háirithe faoin seisiún a bhí bunaithe ar mholtaí praiticiúla faoin dea-chleachtas i leith gníomhaíochtaí sa naíonra agus i ranganna na naíonán le Máire Ní Bhaoill, Coláiste Phádraig agus Bríd Ní Dhomhnaill, Stiúrthóir Naíonra Bhaile Bhrigín. Labhair Clíona O'Keefe ón CNCM faoi Aistear – an creat don luathfhoghaim. Bhí plé bríomhar ann le grúpaí oibre idir naíonra, bunscoil agus tuismitheoirí ag roinnt saineolais ó na suíomhanna éagsúla. Rinne Máire Mhic Mhathúna, Ceann Roinne gníomhach sna hEolaíochta Sóisialta, ITBÁC, cathaoirleacht den scoth ar an lá agus chuir sí go mór leis an ócáid. Beimid ag úsáid an eolais ón lá seo mar bhunús do threoirleabhar a bheidh á fhoilsiú againn mar áis do scoileanna agus naíonraí. Is ag eascair as an obair a rinneadh le linn na scéime Comenius a tháinig an dá eagraíocht ar an smaoineamh a leithéid de chomhsheimineár a chur i gcrích.

Oiliúint réamhsheirbhíse

Maidir le cúrsaí réamhsheirbhíse, tugtar tacaíocht do na coláistí oiliúna trí léacht mar chuid de mhodúil réamhsheirbhíse ar an ngaelscolaíocht. Sa bhliain 2009 tugadh léacht d'ábhar oidí i gColáiste Froebel agus i gColáiste Marino faoin ngaelscolaíocht mar rogha gairme. Tá feabhas ag teacht ar líon na gclár gaelscolaíochta atá ar fáil sna coláistí oiliúna agus tugtar gach tacaíocht do na coláistí i soláthar na modúl seo. Ábhar mór sásaimh atá ann méadú a fheiceáil i líon na rannpháirtithe ar na modúil roghnacha seo.

Bainistíocht inmheánach scoile

D'ullmhaigh an eagraíocht cúrsa seachtaine do bhail foirne na scoileanna ar Bhainistíocht inmheánach scoile i mí Lúnasa san ionad oideachais i dTamhlacht Thiar. Faraor, níor fhreastail aon duine ar an gcúrsa agus tá athbhreithniú ar bun faoi láthair faoin gcúrsa ó thaobh dátaí agus cur chuige.

Lá traenála do mhúinteoirí na nAonad lán-Ghaeilge

Tugadh tacaíocht do mhúinteoirí na n-aonad le linn na bliana trí chúrsa maidir le hacmhainní lán-Ghaeilge ag an dara leibhéal a chur ar fáil dóibh i gcomhpháirt le COGG. Thug sé deis do mhúinteoirí ó Aonaid éagsúla plé lena chéile maidir leis an dúshlán ar leith a bhíonn acu acmhainní cuí a chur ar fáil dá n-ábhair ar leith agus ina gcomhthéacs féin. As seo glacadh cinneadh go gcuirfí cúrsa ar fáil do mhúinteoirí ceoil i gcoitinne, rud a rinneadh (arís i gcomhpháirt le COGG) i mí Feabhra na bliana seo.

Fóram Scoilphobail

Is grúpa é an Fóram Scoilphobail, le ballraíocht ó Comhluadar, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Comhairle na Gaelscolaíochta, Iontaobhas na Gaelscolaíochta, Forbairt Naíonraí Teoranta agus GAELSCOILEANNA TEO., a thagann le chéile go rialta chun deiseanna comhoibrithe a fhiosrú agus le smaointe i leith cur chun cinn scoilphobail a fhorbairt. Tá an-chuid comhoibrithe ar siúl faoi láthair maidir le forbairt ábhar bolscaireachta a bheidh chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge, idir bhunleibhéal agus iar-bhunleibhéal.

Coiste Seasta Thuaidh Theas ar an nGaeloideachas

D'eascair an Coiste Seasta ar an nGaeloideachas as an tionscadal Gaelscolaíocht Éireann agus is iad Comhairle na Gaelscolaíochta, GAELSCOILEANNA TEO. agus Iontaobhas na Gaelscolaíochta na hEagraíochtaí tosaigh a bhí taobh thiar den tionscadal sin. Ba é ról agus réimse Ghaelscolaíocht Éireann ná comhoibriú na hearnála agus soláthar seirbhíse a fheabhsú sna Sé Chontae ó thuaidh, agus ó dheas. Cuimsíonn ballraíocht an Choiste Seasta Thuaidh Theas gach eagraíocht a bhfuil sainról an ghaeloideachais aici. Is é ról, réimse agus cuspóir an Choiste Sheasta ná:-

- cur le teagmhálacha ar fud an oileáin, le struchtúir thacaíochta a fhorbairt agus le meicníochtaí do roinnt an dea-chleachtais a chur chun cinn;
- cur leis an gcomhoibriú agus le comhthuiscint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an ngaelscolaíocht sa dá dhlíne;
- comhoibriú straitéiseach thuaidh theas a fhorbairt;
- fócas ar an ngaeloideachas mar shainábhar; agus tionchar a imirt ar na Ranna Rialtais agus ar eagraíochtaí leasmhara.



Ag an gcéad chruinniú den choiste ceapadh Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Gaelscolaíochta mar chathaoirleach don tréimhse dhá bhliain romhainn. Tá clár oibre á leagan amach ag an gCoiste Seasta faoi láthair don chúpla bliain romhainn agus táimid dóchasach go mbeidh aschur agus torthaí na hoibre chun leasa na hearnála agus na scoileanna lán-Ghaeilge amach anseo.

CAER – Cumann Oideachais na Réigiún Eorpach

Tionóladh cruinniú den eagraíocht CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpach) le déanaí, ag a ndéanadh socruithe don chéad chomhdháil eile a bheidh á reáchtáil ag an eagraíocht. Tá súil againn an chomhdháil a reáchtáil i dtreo dheireadh Mheán Fómhair 2010 i mBaile Átha Cliath. Beidh deis ag scoileanna plé le rannpháirtithe ó scoileanna agus ó eagraíochtaí eile san Eoraip atá ag plé le hoideachas trí mhionteangacha agus beidh cainteoirí ann ó na réigiúin éagsúla, Éire ina measc. Lorgaíonn an eagraíocht táille bheag ó na scoileanna agus bheimis buíoch dá bhféadfadh na scoileanna tacaíocht a thabhairt nuair a lorgófar seo níos déanaí sa bhliain. Tugann an chomhdháil seo an-deis do na scoileanna/na heagraíochtaí a bhíonn ag plé na mionteangacha aithne a chur a chéile, foghlaim óna chéile agus peirspictíocht níos leithne a chothú.

Úsáideadh an cruinniú chun lámhleabhar treorach ar an gcúrsa Comenius a sheoladh. D'fhorbair GAELSCOILEANNA TEO. an lámhleabhar seo le háisíneachtaí eile i réigiúin mhionteangacha na hEorpa. Déanann an lámhleabhar cur síos ar an dá chúrsa a reáchtáladh agus ar an gcur chuige a bhí ann. Foilseofar CD go luath maidir leis an ábhar a úsáideadh le linn an chúrsa. Úsáidfear roinnt den ábhar seo le seimineáir a chur le chéile, mar shampla an seimineár a eagraíodh i mí Dheireadh Fómhair maidir leis an leanúnachas sa luathoidéachas idir leibhéal na réamhscolaíochta agus leibhéal na bunscolaíochta. Má tá suim ar leith ag éinne san ábhar seo, deán teagmháil leis an oifig ina leith.

Na Meáin Chumarsáide

I measc na n-ábhar plé is mó leis na meáin idir theilifís, Raidió agus mheáin chlóite ó Chomhdháil 2008 i leith, bhí:-

- Drochstaid na cóiríochta sna scoileanna lán-Ghaeilge
- Tuarascáil an Bhoird Snip agus moladh i dtaobh COGG
- Móratoir ar oscailt scoileanna nua Meán Fómhair 2009
- Éileamh méadaitheach ar an ngaelscolaíocht agus conas freastal air
- An córas luath-thumoideachais agus ciorclán 0044/2007
- Deontais chaipitíochta scoileanna agus costais reatha na scoileanna

- Buiséad caipitil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
- Freastal páistí na n-inimiriceach ar na Gaelscoileanna agus a rannpháirteacht sa chóras
- Polasaí iontrála scoileanna lán-Ghaeilge.

Bailítear na príomhscéalta a bhfuil an earnáil agus an eagraíocht luaite iontu sna meáin éagsúla agus bíonn siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta, www.gaelscoileanna.ie.

Nuachtlitir Leictreonach

Tá ag éirí go han-mhaith leis an nuachtlitir leictreonach ar chuireamar tús leis bliain ó shin. Táimid á fhoilsiú go ráithiúil ó shin ar an suíomh agus tríd an gcóras ríomhphoist chuig gach scoil lán-Ghaeilge ar bhonn 32 contae. Dírimid ar chúige ar leith i ngach eagrán le deis a thabhairt do gach scoil poiblíocht a fháil orthu féin. Cuirtear cóip chrua amháin chuig gach scoil ar fhaitíos nach n-oibríonn an córas ríomhphoist dóibh. Táimid an-sásta leis an aiseolas ó na scoileanna agus is breá linn na scéalta agus na grianghraif a fheiceáil ag teacht isteach a chuireann go mór leis an nuachtlitir. Leanaigí oraibh ag cur ábhar chugainn!

Bunmhaoiniú na hEagraíochta

Don bhliain oibre 2009, ceadaiódh buiséad bunmhaoinithe de €491,559.00 do GAELSCOILEANNA TEO. Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an maoiniú a ceadaiódh. Clúdaíonn an maoiniú obair na hEagraíochta, cíos, costais reatha móide tuarastal foirne. Diúltaíodh, áfach, don iarratas ar 3 phost bhreise a bhí á lorg chun go gcuirfeadh le líon na foirne a bheidh in ann tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do scoileanna ag leibhéal an talaimh agus a bheidh in ann bolsaireacht fhorleathan leanúnach straitéiseach a dhéanamh ar na scoileanna lán-Ghaeilge. Táimid ag treabhadh linn leis na hacmhainní agus an líon foirne a ceadaiódh chun a chinntiú go mbíonn seirbhís éifeachtach á tairiscint againn do na scoileanna lán-Ghaeilge uile.

Tá iarratas bunmhaoinithe 2010 curtha faoi bhráid an mhaoinitheora, Foras na Gaeilge agus é á mheas faoi láthair agus beimid ag súil go mór leis an toradh san athbhliain.

Cruinnithe/ Comhdhálacha

Tá ionadaíocht ghníomhach ag an eagraíocht ar na grúpaí seo a leanas:-

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- Forbairt Naíonraí Teoranta
- Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
- Coiste Seasta Thuaidh Theas



- Grúpa Stiúrtha Polasaí Tumoideachais
- Coiste Stiúrtha Naisiúnta um Oiliúint do Bhoird Bainistíochta
- An Coiste Comhairleach Oideachais
- An tOireachtas
- An Fóram Scoilphobail
- Grúpa na nEagraíochtaí Bainistíochta Bunleibhéil
- Grúpa Eagraíochtaí Bunmhaoinithe Oideachais (GEBO)
- Nuatheangacha i mBunscoileanna, agus ar chruinnithe eile sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

D'fhreastail ionadaithe na hEagraíochta ar an-chuid comhdhálacha ar a n-áirítear Lónra Príomhoidí Éireann, Comhairle na Gaelscolaíochta, Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta, ASTI, CMÉ, CPSMA, Foras Patrúnachta na Scoileanna lán-Ghaeilge, The Wheel, Educate Together, CNCM, Comhairle na Múinteoireachta, Comhdhálacha de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, Ardfheis Chonradh na Gaeilge, Cruinniú Cinn Bhliana Na Naíonraí Gaelacha, comhdháil oideachais Chonradh na Gaeilge agus ar Oireachtas na Gaeilge.

Buíochas le Bord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas mór a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as an gcúnamh agus an tacaíocht leanúnach. Táimid fíorbhuíoch den Uachtarán agus de gach ball den bhord as a c(h)uid ama a chur ar fáil dúinn go fiail flaithiúil.

Buíochas le Foras na Gaeilge

Is mian linn mar eagraíocht agus mar fhoireann buíochas a ghabháil le Foras na Gaeilge agus leis an rannóg Oideachais go háirithe as an maoiniú don bhliain 2009. Déanaimid comhghairdeas le Tomás Ó Ruairc a d'fhág an eagraíocht le tabhairt faoi ról nua sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta – go maire tú do nuaíocht.

*Bláthnaid agus foireann GAELSCOILEANNA TEO.
Samhain 2009*

Tinreamh ar na Cruinnithe den Bhord Stiúrtha 2008-2009

Mícheál Ó Broin	9/9
Cathnia Ó Muircheartaigh	7/9
Yvonne Ní Mhurchú	8/9
Alison Carruth	6/9
Mícheál Ó Duibh	9/9
Máirín Ní Chéileachair	8/9
Dealgan Ó Ciarubháin	7/9
Seán Mag Oireachtaigh	8/9
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	7/9
Seán Ó Nuanáin	7/9

Tuilleadh eolais:-



Bláthnaid ní Ghréacháin

- An Córas Luath-thumoideachais
- Aighneachtaí na hEagraíochta
- Plean Straitéiseach na hEagraíochta
- Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta nua
- Plé leis na meáin chumarsáide



Nóra Ní Loingsigh

- Cóiríocht scoileanna
- Fóram Scoilphobail
- Forbairt ghairmiúil scoileanna
- Comhdháil Bhliantúil
- Na hAonaid lán-Ghaeilge
- Plean Bunaithe Gaelscolaíochta
- CAER



Clare Spáinneach

- Bunú agus Buanú Scoileanna
- Imeachtaí Idirscoile
- *Scléip!*
- Ábhar bolscaireachta/margaíochta



Clare Walsh

- Comhfhreagras agus plé leis an bpobal/Ríomhphoist
- Riarachán
- Airgeadas
- Nuachtlitir leictreonach



Áine Ní Neachtain


- Fiosraithe Ginearálta
- Staitisticí
- Clárúchán na scoileanna



Rialacha Seasta

1. **RÚIN:**
 - 1.1 5 nóiméad ag an moltóir
3 nóiméad ag gach duine eile.
 - 1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní chuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.
 - 1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.
2. **IS FÉIDIR NA RIALACHA SEASTA A CHUR AR LEATAOBH CHUN RÚN NACH BHFUIL AR AN gCLÁR A PHLÉ, ACH:**
 - 2.1 Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.
 - 2.2 Mórán dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.
3. **TOGHCHÁN DON BHORD STIÚRTHA**
 - 3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.
 - 3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le mórán simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.
 - 3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.

Struchtúr na hEagraíochta





Ainmniúcháin na nOifigeach

Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
UACHTARÁN Mícheál Ó Broin	Gaelscoil Chnoc na Ré	Scoil Chrónáin Gaelscoil an Choilín Scoil Aonghusa Gaelscoil Longfoirt Scoil Uí Cheithearnaigh Gaelscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Scoil na gCeithre Máistrí Gaelscoil an Mhuilinn Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Mícheál Ó Duibh	Comhairle na Gaelscolaíochta	Gaelscoil Bhaile Brigín Gaelscoil Nás na Ríogh
LEAS-UACHTARÁN Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil an Choilín Scoil Aonghusa
Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré
Mícheál Ó Duibh	Comhairle na Gaelscolaíochta	Gaelscoil Átha Í
RÚNAÍ Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil Longfoirt Scoil Uí Cheithearnaigh Gaelscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Scoil na gCeithre Máistrí Gaelscoil an Mhuilinn Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
LEAS-RÚNAÍ Alison Carruth	Coláiste Cois Life	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Átha Í



Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
CISTEOIR Dealgan Ó Ciarubháin	Scoil Chaitríona	Gaeilscoil Longfoirt Scoil Chaitríona Coláiste Pobail Osraí Gaeilscoil Chnoc na Ré Gaeilscoil Átha Í
OIFIGEACH CAIDRIMH PHOIBLÍ Máirín Ní Chéileachair	Gaeilscoil Uí Fhiaich	Gaeilscoil Longfoirt Gaeilscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Gaeilscoil Chnoc na Ré
OIFIGEACH POLASAÍ AGUS PLEANÁLA Micheál Ó Duibh	Comhairle na Gaelscolaíochta	Gaeilscoil Longfoirt Coláiste Pobail Osraí Gaeilscoil Chnoc na Ré

Ag Teach go Luath

Na Clocha Síneacha
le Karen Tazi



Aistear foghlama, aistear fáis, aistear fealsúnachta don léitheoir óg go domhanda é *Na Clocha Síneacha* - aistear a thugann aghaidh go calma tuiscianach ar an mbagaírt is mó dá bhfuil ann dúinn uile i dtús na mílaoise úire.

ISBN 978-0-9554079-7-0 Praghas €10 Aois 10-12

Bolgchaint agus scéalta eile
le Ré Ó Laighléis



Dar le Ré Ó Laighléis féin, is é seo an egnasach is fearr do dhéagóirí óga a tháinig óna pheann go nuige seo. Soineantacht, samhlaíocht, draíocht, ceardaíocht - iad uile á gcur inár láthair ar bhealach sainiúil aitheanta an údair.

ISBN 978-0-9554079-4-9 Praghas €8.00 Aois 10-14

Is féidir leabhair a ordú trí'n bhfón (065) 7077256
Riomhphost: moinin@eircom.net nó trí'n idirlíon www.moinin.ie



Loch Reasca,
Baile Uí Bheanáin, Co. an Chláir



Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Foras na Gaeilge



Ainmniúcháin na nGnáthstiúrthóirí

Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
Fíona Uí Uiginn	Coláiste Íosagáin	Coláiste Íosagáin
Joanne Ní Choileáin	Coláiste Íosagáin	Coláiste Íosagáin
Cathal Ó Luain	Scoil Chrónáin	Scoil Chrónáin Gaelscoil Longfoirt Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Bhaile Brigín Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Riabhach Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Gaelscoil Átha Í
Mícheál Ó Broin	Gaelscoil Chnoc na Ré	Gaelscoil Átha Í
Yvonne Ní Mhurchú	Gaelscoil Longfoirt	Gaelscoil Átha Í
Máirín Ní Chéileachair	Gaelscoil Uí Fhiaich	Gaelscoil Átha Í
Alison Carruth	Coláiste Cois Life	Gaelscoil Átha Í
Micheál Ó Duibh	Comhairle na Gaelscolaíochta	Gaelscoil Átha Í
Hazel Ní Phiogóid	Gaelscoil Riada, Gaillimh	Gaelscoil Bhaile Brigín
Póla Ní Chinsealaigh	Gaelscoil Éadan Doire	Gaelscoil Bhaile Brigín
Deirdre Nic Gabhann	Gaelscoil Riabhach	Gaelscoil Bhaile Brigín Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Riabhach Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Mait Ó Brádaigh	Gaelscoil de hÍde, Gaillimh	Gaelscoil Bhaile Brigín Gaelscoil Riabhach



Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
Seán Ó Nuanáin	Gaelscoil Dhonncha Rua	Gaelscoil Longfoirt Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Seán Mag Oireachtaigh	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré Gaelscoil Átha Í
Sinéad Ní Nualláin	Gaelscoil Átha Í	Gaelscoil Longfoirt Gaelscoil Uí Fhiaich Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré
Conall Ó Cruadhlaoidh	Gaelcholáiste Luimnigh	Coláiste Pobail Osraí Gaelscoil Chnoc na Ré

Eachtraí Uchtaigh
le Esther Göbl Uí Nualláin

Ainmnithe ar Ghearrliosta Leabhar na Bliana do Ghradam Réics Carló 2009



Is scéalta misniúla, scéalta dóchais, scéalta biogúla iad seo ó pheann scríbhneora úir a léiríonn idir thuiscint agus ghrá agus bhá leis an duine óg.

“Is cnuasach aoibhinn é seo atá luaite leis an aoisghrúpa 7-9, agus ní féidir ach a rá gurh é atá ri-oiriúnach do na léitheoirí céanna ar an uile bhealach.”

Sinéad Nic Gearailt, Feasta

ISBN: 978-0-9554079-9-4 Pragas €8.00 Aois 7-9

An Phleist Mhór
Susan Edwards & Ré Ó Laighléis
léaraídi le Emily Colenso

Buaiteoir Leabhar na Bliana - Gradam Réics Carló 2008



Ainmnithe ar Ghearrliosta Bisto do Leabhar na Bliana 2009

“Is seoid é seo don pháiste ón gcéad leathanach, idir scríobh agus léaráidí, idir dhearadh agus leagan amach.”

Sinéad Nic Gearailt, Feasta

ISBN 978-0-9554079-8-7 Pragas €13.95 Aois 3-7

Is féidir leabhair a ordú trí'n bhfón (065) 7077256.
Ríonphost: moinin@eircom.net nó trí'n idirlíon www.moinin.ie



Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir



Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge

Na Rúin

Bunú Scoileanna

1. Agaithint go luann ráiteas físean Rialtais i leith na Gaeilge "go gcuirfear oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán ar fáil do dhaltai scoile arb é mian a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é", cáineann an Chomhdháil seo cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta gan aitheantas a thabhairt do na seacht nGaelscoil nuabheartaithe i Meán Fómhair 2009, cinneadh a shéanann cearta tuismitheora i leith rogha na gaelscolaíochta.

Éilimid

- a) go dtabharfar aitheantas do na scoileanna seo i 2010, agus
- b) go mbeidh éileamh ar an ngaeloideachas mar chritéar lárnach sa phróiseas nua aitheantais scoile de chuid an Choimisiúin um Chóiríocht Scoileanna.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

2. Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh córas cinnte agus trédhearcach ann i leith bunaithe scoileanna ag an dara leibhéal.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

An Tumoideachas

3. Aithníonn an Chomhdháil seo
 - i. sainról agus obair GAELSCOILEANNA TEO. an luath-thumoideachas a chosaint, agus
 - ii. comhoibriú agus tacaíocht na bpáirtithe leasmhara uile chun réitigh na ceiste seo.

Ath-dhearbhaíonn an Chomhdháil seo seasamh na hEagraíochta i dtaobh an luath-thumoideachais ach go háirithe:

- a) aistarraingt Ciorclán 0044/2007 láithreach,
- b) go dtabharfaí feidhm láithreach do mholtaí uile an CNCM i leith na ceiste seo,
- c) go gcuirfí clár cuimsitheach taighde dúchasach i gcrích ar na saincheisteanna uile i gcomhthéacs teanga agus litearthachta sna bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Seirbhísí do Scoileanna

4. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go gcuirfear struchtúr oifigiúil i bhfeidhm,

a dhéanfaí a sholáthar agus a ordnú ar sheirbhísí oideachasúla trí mheán na Gaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

5. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh gan feidhm a thabhairt don tionscnamh tacaíochta agus forbartha don Ghaeilge i mBaile Bhúirne, chun go gcuirfear leis an obair riachtanach atá ar bun ag COGG.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

6. Aithníonn an Chomhdháil seo éacht oibre agus tábhacht COGG don earnáil agus éilimid ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, ar an Taoiseach agus ar an Rialtas
 - a) neamhaird a dhéanamh de mholtaí an Ghrúpa Speisialta (McCarthy) i leith COGG agus
 - b) riachtanais COGG a aithint trí thacaíocht cheart a thabhairt dá caomhnú agus láidriú.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Cóiríocht Scoileanna

7. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deireadh a chur leis an socrú reatha go n-íocann scoileanna 5% de chíos agus go n-íocfaidís 100% de chíos gach scoile láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

8. Cáineann an Chomhdháil seo fo-chaiteachas caipitiúil na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i mbliana agus éilimid go dtabharfaí tosaíocht do ghéarcheim staid na cóiríochta i scoileanna le haitheantas buan atá i gcóiríocht shealadach láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Oideachas agus Curaclam

9. Aithníonn an Chomhdháil seo rithábacht an oideachais do thodhchaí na tíre agus éilimid ar an ROE gan moltaí an Ghrúpa Speisialta (McCarthy) i leith an oideachais a chur i bhfeidhm.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

10. Éilíonn an Chomhdháil seo ar an CNCM agus ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an t-eolas a chur ar fáil láithreach do scoileanna ag an dara leibhéal faoin gcúrsa nua Gaeilge don Ardteistiméireacht a bheidh á scrúdú don chéad uair sa bhliain 2012.

Coláiste Íosagáin, Co. Bhaile Átha Cliath



Scoilphobal

11. Aithníonn an Chomhdháil seo tábhacht an scoilphobail i bhforbairt na gaelscolaíochta agus éilimid go n-aithneoidh an Rialtas a ról trí hinfrastruchtúr, acmhainní agus tacaíocht chuí a chur ar fáil.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Eile

12. Molann an Chomhdháil seo go rachadh Comhdháil GAELSCOILEANNA TEO. agus Comhdháil an Fhorais Pátrúnachta ag caint lena chéile chun an dá ócáid a chur ar siúl san óstán céanna ag an am céanna.

Gaelscoil Éadan Doire, Co Uíbh Fháilí

13. Molann an Chomhdháil seo go rachadh an Bord Stiúrtha i gcainteanna leis an bhForas Pátrúnachta, COGG agus na heagraíochtaí eile in earnáil na gaelscolaíochta in Éirinn um Chomhdhála Oideachais Lán-Ghaeilge oileánda a eagrú (ar mhaithe le sábháil airgid).

Gaelscoil Riabhach, Gaillimh



*Guíonn
Oireachtas na Gaeilge
gach rath ar
Chomhdháil Bhliantúil Ghaelscoileanna*

OIFIG AN OIREACHTAIS

Fón: + 353 1 475 38 57 Facs: + 353 1 475 87 67

Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie Idirlíon: www.antoireachtas.ie

Faigheann Oireachtas na Gaeilge deontas ó



Foras na Gaeilge

na Scoileanna Áitiúla

A Chairde,

Tugann sé an-áthas dúinn fáilte ó chroí a chuir romhaibh go léir go dtí an Chathair álainn seo, Cill Chainnigh. Tá an Ghaelscolaíocht ag dul ó neart go neart anseo i gCill Chainnigh, le Gaelscoil Osraí ag ceiliúradh 25 bliain ar an mbóthar agus Coláiste Pobail Osraí ag fás agus ag forbairt. Tá súil againn go mbainfidh sibh ar fad an-sult as an cuairt anseo chugainn.

Ní neart go cur le cheile,

Seán Ó hArgáin, Príomhoide, Gaelscoil Osraí

Cathnia Ó Muircheartaigh, Príomhoide, Coláiste Pobail Osraí



Gaelscoil Osraí, Cill Chainnigh



Naíonáin Bheaga an 25ú bhliain de Ghaelscoil Osraí:

Ar chúil: Séaghan Mac Colaim, Aoife Ní Mhaolanaídh, Dónal Whitnell, Noah Ó Maonaigh, Dawn Nic Aodha, Finn Ó hÓgáin, Jack Aighlmear

Chun Tosaigh: Darragh Ó Ruáin, Ethan Mac Eoin, Seosamh Ó Cléirigh, Kyle Ó Gealbháin, Nathan Ó Murchú.



Ar chúil: Cailín Nic Cumascaigh, Zoe Ní Cheallaigh-Ógáin, Alanah Vanhoutte, Libby Nic Aogáin, Saoirse Ní Chorráin, Caoimhe Bhreathnach, Rós Ní Cheallaigh, Grace Ní Mhaolalaidh, Diolún Másún, Alex Caomhánach

Chun Tosaigh: Zach Ó Leathlobhair, Zac Réamoinn, Séamus Ó Sé, Ben Ó Muireasa.



Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh



Checkpoint Charlie: Daltaí Choláiste Phobail Osraí ag Checkpoint Charlie i mBeirlín.



Leadóg Abú: Brian Ó Riada ag imirt Leadóige ar son na scoile i gcomórtas Cúige Laighean.



Lá Oscailte: Dubhaltach Ó Maoilriada agus Pádraig Ó Laoghaire ag baint taitneamh as Lá Oscailte Choláiste Phobail Osraí.



Dalta na bliana CPO: Príomhfheidhmeannach Choiste Gairmoideachais Chill Chainnigh, Rodger Curran ag bronnadh gradam 'Dalta na Bliana' ar Chiara Ni Mhaolmhuire, Coláiste Pobail Osraí.



Curachadóireacht: An Idirbhliain ag foghlaim na curachadóireachta i gCeanannas, Co. na Mí.



Turas Staire: Grúpa na dara bliana ar thuras staire agus tír eolais go Ferrycarrick, páirc oidhreachta i gCo. Loch Garman.

na Scoileanna Áitiúla



Páras: Turas scoile ag grúpa ón Choláiste ar thuras scoile go Páras na Fraince.



Ceiliúradh na gCrann: Coiste Scoile ghlas Ghaelscoil Osraí le Méara na cathrach Cllr. Malcolm Noonan agus Príomhoide Seán Ó hArgáin ag cur crainn áitiúla úill mar chuid de thionscnamh '400 gCrann' chun 400 bliain de chathair Chill Chainnigh a cheiliúradh.



Dáil Éireann: Cuairt ar Dháil Éireann, An chéad bhliain, Coláiste Pobail Osraí agus Rang a sé, Gaelscoil Osraí.

Scléip!

Spriocdháta d'fhoirmeacha iarratas
18 Nollaig 2009

Comórtas Seó Stáitse
d'iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge

Gaelscoileanna 



eolas: (01) 853 5195
nó oifig@gaelscoileanna.ie





Bord Stiúrtha GAELSCOILEANNA TEO.



UACHTARÁN
Micheál Ó Broin,
Príomhoide,
Gaelscoil Chnoc na Ré, Sligeach



LEAS-UACHTARÁN
Cathnía Ó Muircheartaigh,
Príomhoide,
Coláiste Pobail Osraí, Cill Chainnigh



RÚNAÍ
Yvonne Ní Mhurchú,
Príomhoide, Gaelscoil Longfoirt



LEAS-RÚNAÍ
Alison Carruth,
Múinteoir,
Coláiste Cois Life, Co. Átha Cliath



OPP
Dr. Micheál Ó Duibh,
Oifigeach Forbartha,
Comhairle na Gaelscolaíochta



OCF
Máirín Ní Chéileachair,
Príomhoide, Gaelscoil Uí Fhiaich,
Co. Chill Dara



CISTEOIR
Dealgan Ó Ciarubháin,
Tuismitheoir,
Scoil Chaitríona, Baile Átha Cliath



Seán Mag Oireachtaigh,
Bord Bainistíochta,
Scoil Chaitríona,
Baile Átha Cliath



Sinéad Ní Nualláin,
Príomhoide,
Gaelscoil Átha I,
Co Chill Dara



Clodagh Ní Mhaoilchiaráin,
Príomhoide,
Gaelscoil Bhaile Brigin,
Co. Átha Cliath

43



Anita Nic Amhlaoibh,
Príomhoide,
Gaelscoil Nás na Ríogh, Co. Chill Dara
Éirthe as lúil 2009



T.J. Ó Ceallaigh,
Ar iasacht ó Ghaelscoil na nDéise,
Port Láirge, ag obair leis an STGB



Seán Ó Nuanáin,
Bord Bainistíochta,
Gaelscoil Dhonncha Rua,
Co. an Chláir



Adrian Breathnach,
Múinteoir,
Gaelscoil Charraig Uí Leighin, Corcaigh
Éirthe as Lúnasa 2009



Dr. Réamaí Mathers,
Cathaoirleach ar Bhunscoil an Chaistil,
Baile an Chaistil, Co Aontroma.
Éirthe as lúil 2009



Cathal Ó Luain,
Tuismitheoir,
Scoil Chrónáin, Ráth Cúil,
Co. Átha Cliath



Ben Ó Floinn,
Cathaoirleach,
Forbairt Naíonraí Teo.



Conall Ó Cruadhlaoidh,
Múinteoir,
Gaelcholáiste Luimnigh,
Co Luimnigh



Deirdre Nic Gabhann,
Múinteoir,
Gaelscoil Riabhach,
Co na Gaillimhe



Liosta na Seastán 2009

Acadamh NUIG
An Gúm
An t-Áisaonad
Apple
Brennan Insurances
Carroll Education
Ceol
Cló Lorum
Coiscéim
Comhairle na Gaelscolaíochta
Comhar na Múinteoirí Gaeilge
Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge
Comhluadar
Conradh na Gaeilge
Cúpla Focal Teo.
Dancin' Time
Educational Company of Ireland
Eoin O' Riordan Educational Resources
Fiontar
Fios Feasa
Fondúireacht na Gaeilge
Foras na Gaeilge
Forbairt Naíonraí Teo.
Gaelchuid Teo
Gael-Linn
GDK Network Systems
Glór na nGael
Gosave.ie
IADT
Learning Horizons Ltd.
Móinín
Muintearas
Officegenie.ie
Prim-Ed Publishing
Scholastic
Coláiste Pobail Osraí agus Gaelscoil Osraí
SLSS
Songschool Southeast
Spraoí

Scoileanna Ián-Ghaeilge sa Ghalltacht 2009/2010

Irish-Medium Schools outside the Gaeltacht areas 2009/2010

Bunscoileanna / Primary Schools


Cúige Laighean	
Co. Bhaile Átha Cliath	31
Co. Cheatharlach	1
Co. Chill Chainnigh	1
Co. Chill Dara	6
Co. Chill Mhantáin	6
Co. Laoise	3
Co. Loch Garman	3
Co. Lú	2
Co. na Mí	6
Co. na hIarmhí	3
Co. Uíbh Fhailí	2
Co. Longfoirt	1

Cúige Uladh	
Co. Aontroma	12
Co. Ard Mhacha	4
Co. an Chabháin	1
Co. an Duin	3
Co. Dhoire	7
Co. Dhún na nGall	5
Co. Mhuineacháin	4
Co. Thír Eoghain	4
Co. Fhear Manach	1

Cúige Chonnacht	
Co. na Gaillimhe	10
Co. Mhaigh Eo	4
Co. Shligigh	1
Co. Ros Comáin	1
Co. Uatroma	2

Cúige Mumhan	
Co. Chorcaí	22
Co. Chiarraí	4
Co. Luimnigh	6
Co. Phort Láirge	5
Co. Thiobraid Árann	5
Co. an Chláir	4

- Na Bunscoileanna / Primary Schools
- Na hIar-bhunscoileanna / Post-Primary Schools



Iar-bhunscoileanna / Post-Primary Schools

Cúige Laighean	
Co. Bhaile Átha Cliath	8
Co. Cheatharlach	1
Co. Chill Chainnigh	1
Co. Chill Mhantáin	2
Co. Lú	1
Co. Chill Dara	1
Co. Loch Garman	1

Cúige Uladh	
Co. Aontroma	1
Co. Dhún na nGall	2
Co. Ard Mhacha	1
Co. Mhuineacháin	1

Cúige Chonnacht	
Co. na Gaillimhe	3

Cúige Mumhan	
Co. Chorcaí	6
Co. Chiarraí	3
Co. Luimnigh	3
Co. Thiobraid Árann	2
Co. an Chláir	1
Co. Phort Láirge	1

Gaelscoileanna Teo.
Halla Naomh Pádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9

01 853 5195 oifig@gaelscoileanna.ie www.gaelischoileanna.ie



FÍS Book Club

Club Leabhar FÍS

**Is áit é Club Leabhar FÍS
a dtig le leanaí leabhar físe
a chruthú bunaithe ar a gcuid
léitheoireachta féin.**

Cruthaíonn an bailiúchán tuairiscí físe seo, catalóg léirmheas leabhair físe digiteach, atá furasta do pháistí, sábháilte agus faoi chosaint phasfhocail. Soláthraíonn an chatalóg seo acmhainn áit ar féidir le hoidí agus páistí laistigh den tionscadal, breathnú ar na físeanna de léirmheas leabhair páistí eile agus teacht ar leabhair go mb'fhéidir gur mhaith leo féin a léamh.

**Déan Teagmháil linn: info@fis.ie
Teileafón: 01 214 4990**



Comhar na Múinteoirí Gaeilge

Aidhmeanna

- Múineadh na Gaeilge a chur chun cinn agus ionad na Gaeilge sa chóras oideachais a fhorbairt
- Seirbhísí gairmiúla a sholáthar do mhúinteoirí ag gach leibhéal den chóras oideachais
- An Ghaeilge a chur ar aghaidh leis na háiseanna agus leis na modhanna is éifeachtaí
- Bheith lánpháirteach le hinstitiúidí oideachais chun na leasuithe is gá a bheachtú agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam nuair is gá
- Comhoibriú chun leas mhúineadh na Gaeilge agus múineadh trí Ghaeilge a chothú

Bígí linn – Bígí i gComhar linn!

7 Cearnóg Mhuirfean | Baile Átha Cliath 2
01 639 8445/8 | www.cnmg.ie | eolas@cnmg.ie

**Carroll
Education
Limited**



Cliste! Buneolas Gramadaí

Clár Gramadaí do Scoileanna

Clúdaíonn an clár seo de thrí leabhar stór focal, na briathra agus eilimintí eile gramadaí ag leibhéal éagsúla


- ❖ Clúdaíonn Cliste! na briathra neamhrialta go léir agus níos mó ná 15 briathra rialta
- ❖ Cuirtear rannóga athbhreithnithe ar fáil
- ❖ Obair ealaíne spreagúil chun cur leis an ábhar
- ❖ Liosta litriúcháin molta iniata le gach rannóg
- ❖ Gramadach tugtha isteach ag ráta tomhaiste

Tá fáil ar an gcéad dá leabhar anois; foilseofaí an leabhar deireanach Cáisc 2010

Scríofa ag Breandán agus Siobhán De Bhál

www.carrolleducation.ie

NÓTAÍ



Ag Cothú Gaeloideachas den Scoth

Comhdháil Bhliantúil agus Comhdháil Oideachais 2009 • GAELSCOILEANNA TEO.